Office of the Information Commissioner
Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Tuarascáil Bhliantúil 2002

Cabhrú chun serbhís atá oscailte,
cothrom agus freagrach a bhaint amach

Clár Ábhair

Caibidil 1 Réamhrá **3**

Caibidil 2 An Bhliain faoi Athbhreithniú **6**

Úsáid an Achta um Shaoráil Faisnéise 7
Rátaí Scaoilte 9
Iarratais ar Athbhreithniú le m'Oifig 9
Athbhreithnithe ar Chinntí 10
Torthaí Athbhreithnithe 10
Ábhar Athbhreithnithe 11
Am a Chaitear le hAthbhreithnithe a Chríochnú 12
Fógraí Reachtúla 14
Formáid na gCinntí 15
Fiosruithe Ginearálta ar dhéileáil m'Oifig leo 15
Achomhairc leis an Ard-Chúirt 15
Comhlachtaí Nua faoi Shainchúram an Achta 16
Feasacht an Phobail agus Dea-Chleachtas a Chur Chun Cinn 16
Deimhnithe Alt 25 17
Soláthar Foirne 17

Caibidil 3 Saincheisteanna a thagann chun solais **18**

An Leas Poiblí a Bhreithniú 19
Sábháilteacht Phearsanta 20
Plean Gníomhaíochta Achomair ar Urramú an Achta um Shaoráil Faisnéise 21
Saoráil Faisnéise agus Dlí um Chosaint Sonraí 22
Athbhreithniú Alt 32 24
Bainistiú Taifead 24

Caibidil 4 Cinntí i bhFoirm Litreach **27**

Innéacs na nÁbhar a Phléitear 28
Pointí Spéise 28

Caibidil 5 Staitisticí **38**

Liosta Foirne **53**

Aguisín I - Liosta Comhlachtaí Leagtha Síos i 2002 **55**

Aguisín II - Tuairisc ar Dheimhnithe Aire arna n-eisiúint faoi Alt 25 **57**

Innéacs **59**

Brollach

Déanaimse leis seo mo chuigiú Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha alt 40(1)(c) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

Caoimhín Ó Murchú
Coimisinéara Faisnéise

Bealtaine 2003

1

Caibidil 1

Réamhrá

Caibidil 1

Réamhrá

Ag tráth tiomsaithe na Tuarascála Bliantúla seo, tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm le cúig bliana, nach mór. Thar an tréimhse sin, táthar tar éis Saoráil Faisnéise a shuíomh mar chuid riachtanach de riarachán poiblí in Éirinn. Sa scéim fhoriomlán de nuachóiriú agus athnuachan na seirbhíse poiblí, is dócha gurb é Saoráil Faisnéise an beart is láidre atá dulta i bhfeidhm ar an bpobal i gcoitinne. Ag tosú ar bhealach réasúnta measartha i mí Aibreáin 1998, le thart ar 65 chomhlacht phoiblí clúdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise agus thart ar 3,700 iarraidh déanta sa chéad naoi mí dá oibriú, síneann Saoráil Faisnéise chun 400 comhlacht poiblí, nach mór, a chlúdach anois le 17,200 iarraidh, nach mór, déanta le linn 2002. Cé go bhfuil formhór na gcomhlachtaí poiblí tábhachta tagtha faoi réir ag Saoráil Faisnéise - leis an aon eisceacht mhór amháin den Gharda Síochána - tuigim go dtabharfar roinnt comhlachtaí breise faoi shainchúram an Achta le linn 2003. Ar aon bhealach, is ionann Saoráil Faisnéise agus scéal mór-rathúlachta agus tá creidiúint mhór dlite don líon ollmhór comhlachtaí poiblí a chuireann an tAcht i bhfeidhm, ainneoin roinnt costas, go coinsiasach agus le dea-rún.

Tá sé tábhachtach nach ndearmadaímid gur éirigh Saoráil Faisnéise in Éirinn as dhá spreagadh ar leith, cé go bhfuil siad gaolmhar. Ar leibhéal leathan, bhain an fuinneamh le hoibriú an rialtais agus an riaracháin phoiblí i gcoitinne a oscailt le haghaidh scrúdain; maidir leis sin, ní raibh á dhéanamh ag Éirinn ach an méid sin a bhí ina norm do dhaonlathais nua-aimseartha ar fud an domhain. Ar leibhéal níos sainiúla, áfach, d'fhorbair Saoráil Faisnéise in Éirinn mar fhreagairt ar imní phoiblí fhorleathan faoi theipeanna i dtrédhearcacht agus cuntasacht laistigh den rialtas. Tá cuid mhaith de na cásanna imní sin ina n-ábhar de bhinsí fiosraithe bunaithe ag an Oireachtas. Glacadh leis thar na páirtithe polaitíochta go léir agus laistigh den tsochaí i gcoitinne go raibh gá le sásraí a chur ar fáil a chinnteodh trédhearcacht agus cuntasacht sa rialtas. Dúirt an Taoiseach a bhí ann ag an am: "The Government must go about its work without excess or extravagance and as transparently as if it were working behind a pane of glass. The same holds for national policy." Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise amach mar cheann de na mórshásraí chun an trédhearcacht agus an chuntasacht sin a chinntiú.

Is í seo, dar ndóigh, mo Thuarascáil Bhliantúil dheireanach mar go mbeidh mé ag scor de phost an Choimisinéara Faisnéise ar an 1 Meitheamh 2003. Nuair a d'iarr an Rialtas ag an am orm glacadh leis an bpost anuas ar mo chuid dualgas mar Ombudsman, níor thuig mé go hiomlán cé chomh casta agus fadálach a bheadh an obair nó, gan dabht,cé chomh mór a bheadh an t-éileamh ar rochtain ar thaifid. Gabhann dúshlán i gcónaí le hoifig nua a bhunú nuair a chuirtear de chúram ort cinntí a dhéanamh atá ina gceangal dlí. Táim sásta, ainneoin roinnt fadhbanna iarmharacha ag éirí ó charnadh riaráiste sa tréimhse tosaigh, go bhfuil sárjab á dhéanamh ag an Oifig anois. Tá foireann an-inniúil agus an-dílis aici le Fintan Butler agus Liam Kelly, na hImscrúdaitheoirí Sinsearacha, chun tosaigh orthu agus is mian liom buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht. Ba mhór an fhaillí uaim é gan an cion eisceachtúil a rinne Pat Whelan, Ard-Stiúrthóir, le linn bhunú na hOifige agus a rinne Gerry Smyth a leag síos, mar an gcéad Imscrúdaitheoir Sinsearach, an caighdeán ard atá mar uaillmhian againn inár gcuid cinntí. Tá an Oifig fágtha ag Gerry ó shin de bharr ardaithe céime agus níl ach an t-aon bhall foirne fágtha againn ónár bhfoireann tosaigh, is í sin Róisín Connolly, Imscrúdaitheoir, a bhfuil trácht ar leith tuillte aici.

Gabhann costas riaracháin le Saoráil Faisnéise; sin i dtéarmaí acmhainní foirne caite ag déileáil le hiarrataí (lena n-áirítear cuardach a dhéanamh le haghaidh taifead agus taifid a chóipeáil), ag déileáil le hathbhreithnithe inmheánacha agus ag déileáil le m'Oifig féin.Tá na deischostais ann freisin, is é sin cad a bheadh déanta ag comhlachtaí poiblí mura mbeadh orthu am a chaitheamh ar ghnóthaí Saorála Faisnéise. Leis an gceart a thabhairt, is annamh a dhéanann comhlachtaí poiblí gearán faoi na costais a ghabhann le Saoráil Faisnéise mar go bhfuil an ról tábhachtach a ghlacann sí chun tacú le rialtas daonlathach aitheanta acu. Ag an am céanna, bheadh sé mícheart áibhéil a dhéanamh ar mhéid an ualaigh cruthaithe ag Saoráil Faisnéise. Cé go bhfuil leibhéil réasúnta ard iarrataí Saorála Faisnéise ag roinnt bheag Rann, mar atá an scéal leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, tá cúiseanna sainiúla leis an úsáid ard sin a bheith á baint as Saoráil Faisnéise. Fuair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1,938 n-iarraidh i 2002 agus fuair an Roinn Sláinte agus Leanaí 997 n-iarraidh; sa dá chás sin dealraíonn sé go mbaineann an leibhéal ard iarrataí sin le taifid phearsanta á lorg ag iarchónaitheoirí de chuid scoileanna saothair agus institiúidí eile. Ar an taobh eile, ní bhfuair comhlacht poiblí an-mhór ar nós na gCoimisinéirí Ioncaim, a fhostaíonn breis is 6,500 ball foirne agus a dtéann a ngníomhaíochtaí i gcion orainn go léir nach mór, ach 251 iarraidh le linn 2002. Tá líon mór comhlachtaí poiblí ann a fhaightear líon an-íseal iarrataí Saorála Faisnéise. Mar shampla, mar a leagtar amach i gCaibidil 5, tá 90 comhlacht poiblí ann a bhfuair gach ceann díobh líon nach mó ná dhá iarraidh Saorála Faisnéise le linn 2002.

Saincheist thábhachtach amháin a thagann chun solais mar gheall ar imeacht ama ná an gá go gcinntíonn comhlachtaí poiblí go dtugtar treoracha agus oiliúint chuí i ngnóthaí Saorála Faisnéise dá gcinnteoirí Saorála Faisnéise. Le himeacht ama, gluaiseann baill foirne ar aghaidh in aon eagraíocht; d'fhéadfadh sé nach n-ionadaítear foireann oilte Saorála Faisnéise i gcónaí le foireann a bhfuil oiliúint agus ionduchtúchán leordhóthanach tugtha dóibh. Ag cuimhneamh ar an tábhacht lárnach atá ag Saoráil Faisnéise i gcur chun cinn rialtais trédhearcaigh agus chuntasaigh, creidim go bhfuil sé riachtanach go dtugann comhlachtaí poiblí tosaíocht don ghnó sin maidir lena gcinnteoirí Saorála Faisnéise a threalmhú go cuí chun an tAcht um Shaoráil Faisnéise a oibriú. Faoi alt 15(5) den Acht um Shaoráil Faisnéise, tá freagracht ar an Roinn Airgeadais as a chinntiú go nglacann comhlachtaí poiblí bearta oiriúnacha sa réimse oiliúna foirne agus socruithe eagrúcháin chun urramú an Achta a chinntiú. Táim cinnte go bhfuil an tAonad Polasaí Láir den Roinn Airgeadais ar an eolas faoin tsaincheist sin agus go leanfaidh sé dá iarrachtaí chun a chinntiú go bhfuil comhlachtaí poiblí trealmhaithe go cuí chun an tAcht um Shaoráil Faisnéise a oibriú.

I gCaibidil 2 den tuarascáil seo tugaim achoimre ar a mhéid atá Saoráil Faisnéise úsáidte thar an mbliain agus tugaim sonraí faoin gcaoi ar dhéileáil m'Oifig le hachomhairc thar an tréimhse sin. I gCaibidil 3 tugtar anailísí gairide ar shaincheisteanna a tháinig chun solais le linn na bliana agus ar ceart dóibh bheith ina n-ábhar spéise d'iarratasóirí agus cinnteoirí araon. I gCaibidil 4 tugtar achoimre ar roinnt saincheisteanna inspéise a d'éirigh as cinntí athbhreithnithe, nó achomhairc, a rinne m'Oifig le linn 2002. I gCaibidil 5 leagaim amach sonraí staitistiúla maidir leis an úsáid a baineadh as Saoráil Faisnéise le linn na bliana lena n-áirítear sonraí faoi iarratais athbhreithnithe le m'Oifig.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghábhail le m'Ard-Stiúrthóir, Pat Whelan, agus le Liz Dolan, Anne Moran agus Fintan Butler as an obair a rinne siad chun an Tuarascáil Bhliantúil seo a ullmhú.

2

Caibidil 2

An Bhliain faoi Athbhreithniú

Caibidil 2

An Bhliain faoi Athbhreithniú

Úsáid an Achta um Shaoráil Faisnéise

Tiomsú Staitisticí

I mbliana, mar atá tarlaithe i mblianta roimhe, tá na staitisticí a úsáidtear sa tuarascáil seo ar líon agus cineál na n-iarrataí déanta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise soláthairte do m'Oifig ag grúpaí idirchaidrimh do na hearnálacha éagsúla agus ag roinnt Ranna Rialtais. Is féidir tuilleadh sonraí maidir leis na foinsí do na staitisticí sin a fháil i gCaibidil 5 ina bhfuil na staitisticí, bunaithe ar na tuairiscí a cuireadh ar fáil, tiomsaithe i bhfoirm táblaí. Is é an taithí atá ag m'fhoireann ar na staitisticí sin a fháil agus a shainscagadh le blianta beaga anuas ná go bhfuil cáilíocht agus tráthúlacht na bhfreagairtí éagsúil; cé go bhfuil éirithe le roinnt earnálacha na staitisticí a tháirgeadh go héifeachtach agus go cuimsitheach, níl an fhaisnéis riachtanach faighte ó na comhlachtaí poiblí go léir. Cibé cúis atá leis, níor cuireadh figiúirí i leith úsáid Saorála Faisnéise i gcás comhlachtaí áirithe lena n-áirítear na Fórsaí Cosanta agus Ospidéal Ollscoile N. Uinseann ar fáil do m'Oifig le háireamh i dtuarascáil na bliana seo. Níl an obair a ghabhann le tiomsú na staitisticí casta dáiríre; d'fhéadfadh sé, áfach gur éirigh an próiseas beagán níos deacra agus níos fadálaí mar gheall ar an méadú ar líon na gcomhlachtaí poiblí leagtha síos faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus mar gheall ar éagsúlacht na n-earnálacha clúdaithe anois.

Ag cuimhneamh ar an tábhacht a ghabhann le faisnéis chruinn agus chothrom le dáta a bheith ann faoi úsáid an Achta, creidim gur ceart go gcuirfí socruithe cuí i bhfeidhm chun bailiú, sainscagadh agus foilsiú na staitisticí iomchuí a chinntiú. Nuair a fuair mé amach i bhFeabhra 2003 faoi mholtaí chun an tAcht a leasú, mhol mé in aighneacht leis an Roinn Airgeadais go ndéanfaí breithniú ar dhualgas reachtúil a chur ar chomhlachtaí poiblí staitisticí i ndáil le húsáid Saorála Faisnéise a chur ar fáil don Aire Airgeadais; mhol mé go gcuirfí dualgas ar an Aire Airgeadais na staitisticí sin a bhailiú, a thiomsú agus a fhoilsiú laistigh de dhá mhí ó dheireadh gach bliana den fhéilire. Idir an dá linn, níl aon rogha agam ach dul ar aghaidh le hathbhreithniú ar ghníomhaíocht Saorála Faisnéise i 2002 bunaithe ar staitisticí atá ar fáil dom faoi láthair.

Leibhéal Iarrataí le Comhlachtaí Poiblí

Le linn 2002 rinneadh 17,196 iarraidh éigin le comhlachtaí poiblí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Is ionann sin agus méadú de 1,768 n-iarraidh (11.46%) ar líon 2001 agus 3,491 iarraidh (25.47%) ar líon 2000. I mo thuairim, mínítear an leibhéal méadaithe sin ar úsáid leis an líon mór comhlachtaí poiblí ag teacht faoi shainchúram an Achta agus le feasacht mhéadaithe daoine den phobal ar a gcearta faoin Acht.

Sa tábla thíos taispeántar na deich gcomhlacht phoiblí a ndearnadh an líon iarrataí is mó leo le linn 2002.

I roinnt comhlachtaí poiblí mar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chonacthas leibhéaladh gníomhaíochta idir 2001 agus 2002, cé go raibh méadú mór ar iarrataí, ach go háirithe iarrataí ar fhaisnéis phearsanta, déanta leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, le Bord Sláinte an Deiscirt agus le Bord Sláinte an Oirthuaiscirt.

As na comhlachtaí poiblí go léir tá an líon is mó iarrataí á bhfáil ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcónaí. Dealraíonn sé go dtagann formhór na n-iarrataí sin ó iarchónaitheoirí scoileanna saothair agus ceartúcháin atá ag lorg rochtana ar fhaisnéis a bhaineann leis an seal a chaith siad sna hinstitiúidí sin. Cuireann an Roinn Sláinte agus Leanaí an méadú mór (74%) ar iarrataí a fuair sí i 2002 síos go príomha don líon pearsan aonair atá ag lorg taifead atá ina seilbh faoi sheirbhísí cúraim leanaí, lena n-áirítear taifid a bhaineann le socrúcháin i ndílleachtlanna nó saoráidí cúraim fadtéarma eile. I gCaibidil 3 déanaim tagairt bhreise do bhainistiú agus aisghabháil an chineáil faisnéise sin sa Roinn sin.

Table A

	2000	2001	2002
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	1,225	1,725	1,938
An Roinn Sláinte agus Leanaí	448	574	997
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh*	645	553	670
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	683	683	660
Bord Sláinte an Deiscirt	419	396	569
Bord Sláinte an Iarthair	506	501	565
An Roinn Talmhaíochta agus Bia*	426	340	417
Bord Sláinte an Oirthuaiscirt	175	265	416
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath	324	381	380
An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil*	341	303	368

* *Bhí siad seo i measc na Rann sin ar tháinig athruithe orthu maidir lena dteidil agus/nó réimsí freagrachta ó Mheitheamh 2002; tá figiúirí a chlúdaíonn an tréimhse roimh an athstruchtúrú sin agus an tréimhse ina dhiaidh cónasctha sa tábla seo ach taispeántar ar leithligh ó chéile iad i gcaibidil 5.*

Cineál Iarratasóra

Mar a fheictear ó Thábla 3, Caibidil 5, déanann gnáthdhaoine den phobal an chuid is mó (69%) de na hiarrataí Saorála Faisnéise agus is é atá sna hearnálacha eile iarratasóra ná iriseoirí, gnólachtaí, baill foirne de chuid comhlachtaí poiblí agus comhaltaí den Oireachtas. Tugaim do m'aire go bhfacthas i 2002 laghdú ar chéatadán an leibhéil iarrataí déanta ag iriseoirí, céatadán de 12% de na hiarrataí i 2002 i gcomparáid le 20% de na hiarrataí i 2001 agus 19% de na hiarrataí i 2000.

Rátaí Scaoilte

Le linn 2002, rinneadh 46% de na hiarrataí ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo a dheonú ina n-iomláine agus deonaíodh 21% eile díobh i bpáirt. Ciallaíonn sé sin, ag lamháil don 3% de na hiarrataí aistrithe agus don 11% de na hiarrataí tarraingthe siar nó láimhsithe lasmuigh de Shaoráil Faisnéise, gur diúltaíodh 19% de na hiarrataí déanta i 2002 os coinne 15% díobh i 2000 agus 17% díobh i 2000.

Mar a tharla i mblianta roimhe, tá eisréimneachtaí soiléir idir na comhlachtaí poiblí difriúla maidir lena rátaí scaoilte. I dTábla 5, Caibidil 5, taispeántar gur mó an claonadh ag údaráis áitiúla (63%), boird sláinte (62%), institiúidí tríú leibhéal (54%) agus na hospidéil shaorálacha/gníomhaireachtaí sláinte meabhrach/comhlachtaí saorálacha (66%) scaoileadh iomlán a dheonú ná an claonadh ag Ranna na Státseirbhíse nó comhlachtaí eile liostaithe i dTábla 11 de Chaibidil 5 nach ndeonaíonn scaoileadh iomlán ach i 29% agus 36% de na cásanna faoi seach. Leanann sé sin patrún a sainaithníodh i dTuarascáil na bliana seo caite. Cibé na bunchúiseanna leis na leibhéil níos airde sin de dhiúltú rochtana, níl sé ach cothrom a rá go bhfaigheann Ranna Rialtais agus Oifigí cion níos ísle d'iarrataí ar fhaisnéis phearsanta (52% de na hiarrataí i 2002) ná mar a fhaigheann boird sláinte (76% de na hiarrataí i 2002). Is spéisiúil a thabhairt faoi deara, áfach, cé nár bhain ach 24% de na hiarrataí a rinneadh le húdaráis áitiúla le faisnéis phearsanta, go raibh leibhéal ard iarrataí (63%) deonaithe ina n-iomláine acu le linn 2002.

Iarratais ar Athbhreithniú le m'Oifig

I gcás nach bhfuil iarratasóir sásta le cinneadh an chomhlachta phoiblí faoina (h)iarraidh saorála faisnéise féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh le m'Oifig ar athbhreithniú ar an gcinneadh sin. Sa chuid is mó cásanna, is ionann an t-athbhreithniú sin agus an tríú hanailís agus cinneadh sa chás sin. Tá an cinneadh a leanann ó m'athbhreithniú ina cheangal dlí agus ní féidir é a achomharc ach leis an Ard-Chúirt ar phointe dlí.

Is é a bhí sa líon iarratas ar athbhreithniú a rinneadh le m'Oifig i 2002 ná 687 san iomlán. Léirigh sé sin méadú de 196 (40%) ar líon na bliana roimhe agus méadú de 142 (26%) ar líon 2000. Is beag athrú, áfach, atá ar chion na gcásanna atá á n-achomharc le m'Oifig mar chéatadán de líon iomlán na n-iarrataí faighte ag comhlachtaí poiblí; is é atá san fhigiúr do 2002 ná 4% agus is é a bhí ann ná 3.2% do 2001 agus 4% do 2000. Go deimhin, mar chéatadán d'iarrataí athbhreithnithe inmheánaigh déanta le comhlachtaí poiblí, tá iarratais ar athbhreithniú le m'Oifig fós ar leibhéal 2001 de 39%.

Bheartaigh m'Oifig glacadh le 585 iarratas le linn na bliana, a bhfuarthas 506 iarratas díobh le linn 2002. Bhí na 79 gcás eile ar glacadh leo i 2002 i measc an 101 iarratas a bhí faoi bhreithniú le haghaidh inghlacthachta ag deireadh 2001. Ag deireadh 2002, bhí cinneadh ar inghlacthacht d'athbhreithniú fós le déanamh i gcás 47 n-iarratas a fuarthas i dtreo dheireadh na bliana.

Athbhreithnithe ar Chinntí

Le linn na bliana rinne mé athbhreithniú ar 534 chinneadh de chuid comhlachtaí poiblí. I dtéarmaí athbhreithnithe próiseáilte ag m'Oifig, léirigh sé sin méadú de 20% os cionn an ráta críochnaithe cásanna do 2001. Ag tús na bliana bhí 551 athbhreithniú san iomlán idir lámha ag m'Oifig agus glacadh le 585 iarratas breise le linn 2002. Is é a bhí in iomlán na n-athbhreithnithe idir lámha ag deireadh 2002 ná 602 athbhreithniú, líon a thug méadú 'bliain ar bhliain' de 9%.

Cé go bhfuilim sásta leis an bhfeidhmíocht fhoriomlán maidir le cásanna athbhreithnithe a chinneadh, ábhar imní i gcónaí is ea méid an riaráiste cásanna faighte roimh mhí Aibreáin 2002. Níos faide anonn sa Chaibidil seo tugtar anailís ar thionchar na socruithe athbhreithnithe a tugadh isteach ó mhí Aibreáin 2002 i leith an ama a ghlactar chun déileáil le hathbhreithnithe, in éineacht le hachoimre ar na critéir a chuirim i bhfeidhm le linn dom an t-ord ina bpróiseáiltear an riaráiste cásanna níos sine a chinneadh.

Torthaí Athbhreithnithe

Ní raibh eisiúint cinnidh fhoirmiúil mar thoradh ar gach ceann de na hathbhreithnithe a críochnaíodh: scoradh de chuid díobh, tarraingíodh siar cuid eile agus chuir mé socrú i bhfeidhm i roinnt eile.

Cinntí Foirmiúla

Le linn 2002, d'eisigh mé 226 chinneadh fhoirmiúla, méid a sheasann do 42% de na cásanna go léir a ndearnadh athbhreithniú orthu. I 166 (73%) de na cásanna sin, dhearbhaigh mé cinneadh an chomhlachta phoiblí agus d'athraigh mé an cinneadh sa chuid eile. Cuirtear sin i gcomparáid le 167 gcinneadh (76%) dearbhaithe i 2001 agus 91 chinneadh (68%) dearbhaithe i 2000. Thabharfadh sé sin le fios go raibh, i gcásanna ina raibh gá le cinneadh foirmiúil, an modh feidhmithe i leith cinnteoireachta laistigh de chomhlachtaí poiblí ceart tríd is tríd, agus go bhfuil sé de réir a chéile le trí bliana anuas.

Socruithe

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise foráiltear gur féidir liom iarracht a dhéanamh socrú a chur i bhfeidhm, ag aon chéim le linn athbhreithnithe, idir na páirtithe ar na taifid atá le scaoileadh. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé go dtoileoidís fócas an athbhreithnithe a chúngú trí chomhaontú ar thaifid a eisiamh nach gcuirfidh aon luach nó nach gcuirfidh ach beagán luacha leis an bhfaisnéis atá á lorg acu. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go gcomhaontófaí go scaoilfí taifid bhreise lasmuigh de raon na hiarrata bunaidh gan gá le cinneadh foirmiúil uaimse sa chás. Spreagfainn comhlachtaí poiblí, le linn dóibh déileáil le hiarrataí, chun dul i mbun plé go díreach le hiarratasóirí d'fhonn teacht ar shocruithe sna cásanna sin ina bhfuil lándeonú na hiarrata neamhdhóchúil.

Le linn 2002, socraíodh 131 chás. Is ionann sin agus 25% de na hathbhreithnithe go léir a críochnaíodh i 2002 i gcomparáid le 16% (72) díobh i 2001 agus 13% (31) díobh i 2000.

Fáiltím roimh an méadú mór sin sa líon socruithe a idirbheartaíodh ag m'Oifig le comhoibriú na n-iarratasóirí agus comhlachtaí poiblí páirteacha. I gcásanna cuí, creidim gurb é atá sa scrúdú ar an acmhainneacht maidir le teacht ar shocrú ná úsáid éifeachtach á baint as acmhainní - ach go háirithe i gcomhthéacs an ghá le comhoibriú, a mhéid is féidir, laistigh den fhráma ama a shamhlaítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Sin rud a ndéanaim tuilleadh scrúdaithe air níos faide anonn anseo.

D'fholaigh na socruithe ar chomhaontaigh na páirtithe orthu i ndiaidh caibidlí le foireann m'Oifige sa bhliain seo caite:

- Cás inar chuir an Roinn Talmhaíochta agus Bia cóip de thuairisc atá ann ó 1921 ar fáil d'iarratasóir;
- Cás inar thoiligh an Roinn Cosanta achoimre ar thaifead a chur ar fáil a d'fhreastail ar riachtanais an iarratasóra gan damáiste a dhéanamh do staid chaibidlíochta na Roinne;
- Cás inar chuir Bord Scannán na hÉireann éirim ghearáin a rinneadh leis ar fáil don iarratasóir gan céannacht an ghearánaí a nochtadh;
- Cás inar thoiligh Bord Sláinte an Deiscirt taifid a thabhairt d'aturnaetha an iarratasóra chun ionadaitheacht a dhéanamh thar ceann a gcliaint, comhairle a chur uirthi agus í a atreorú chuig síciatraí. Bhí an comhaontú faoi réir ag gealltanas á ghlacadh ag na haturnaetha nach soláthróidís nó nach nochtfaidís ábhar aon taifid dá gcliant gan údarú an tsíciatraí a fháil roimh ré.

Tarraingthe siar/Scortha de

I 2001, rinneadh 157 gcás nó 29% de na cásanna a tharraingt siar ag na hiarratasóirí, i ndiaidh caibidlí le baill de m'fhoireann de ghnáth. Tá an patrún sin comhchosúil tríd is tríd le blianta roimhe - 135 chás (30%) tarraingthe siar i 2001 agus 57 gcás (24%) i 2000. Is é a bhí sa líon cásanna ar scoradh díobh ná líon faoi bhun 4% i 2002, i gcomparáid le 4% agus 6% don dá bhliain roimhe sin.

Ábhar Athbhreithnithe

Tá ábhar na n-athbhreithnithe a nglacann m'Oifig leo gan athrú den chuid is mó ó thosach feidhme an Achta.

Baineann formhór mór na n-achomharc le rochtain ar thaifid á diúltú. Mar chéatadán de na hathbhreithnithe go léir do 2000, 2001 agus 2002, sheas siad ag 88%, 86.8% agus 86.8% faoi seach. Is é a bhí in achomhairc ag tríú páirtithe, a chuir in aghaidh scaoileadh faisnéise fúthu nó a sholáthair siad, ná 7%, 7% agus 4.8% de na hathbhreithnithe go léir thar an tréimhse chéanna. Chuaigh athbhreithnithe maidir le taifid a leasú i méid beagán ó 1% i 2000, go 3.4% i 2001 agus 4.1% i 2002. Is é a bhí in athbhreithnithe ar chinntí faoi alt 18 (ráiteas cúiseanna) ná 3% i 2000, 2.6% i 2001 agus 3.8% i 2002. Lean athbhreithnithe ar chinntí maidir le táille a ghearradh de bheith ina gcéatadán an-bheag d'iarratais faighte, sa raon ó 1% go 0.5% thar an tréimhse.

Am a Chaitear le hAthbhreithnithe a Chríochnú

Faoi Alt 34(3)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise foráiltear go ndéanfaidh mé cinneadh ar athbhreithniú, a luaithe is féidir agus a mhéid is indéanta, tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis go bhfaightear an t-iarratas.

Chríochnaigh m'Oifig 534 athbhreithniú i 2002. As na 534 chás sin, fuarthas 45 díobh i 1999, fuarthas 106 díobh i 2000 agus fuarthas 119 díobh i 2001. Bhain an 264 athbhreithniú eile a críochnaíodh le cásanna a fuarthas i 2002. As an 264 athbhreithniú a fuarthas i 2002, agus a críochnaíodh an bhliain sin críochnaíodh 165 díobh laistigh de thrí mhí. Tugadh 78 de na cásanna a fuarthas i 2002 chun conclúide lasmuigh den sprioc-am trí mhí. Ba ghá an sprioc-am le haghaidh críochnaithe a athrú i 21 chás (tarlaíonn sé sin nuair a chuirtear an cás ar fionraí le súil go dtiocfar ar shocrú idir na páirtithe iomchuí agus foráiltear dó sin in alt 34(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise) agus as an líon sin, críochnaíodh 10 gcás laistigh den sprioc-am leasaithe; níor críochnaíodh 11 chás eile laistigh dá sprioc-am leasaithe.

Mar thoradh ar shocruithe athbhreithnithe a chuir mé i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2002 agus a phléim anseo thíos, tá an líon cásanna críochnaithe laistigh den scála ama sonraithe san Acht um Shaoráil Faisnéise feabhsaithe go mór thar an líon sin a críochnaíodh i 2001.

Oibriú Shocruithe iar-Aibreán 2002

Mar gheall ar thuile mhór cásanna sna blianta i ndiaidh thosach feidhme na reachtaíochta i 1998, d'fhorbair riaráiste mór agus uaidh sin d'eascair moilleanna maidir le hathbhreithnithe a chinneadh. Tháinig an riaráiste chun solais i bpáirt mar gheall ar chastacht roinnt cásanna agus ar mhoilleanna in údarú agus líonadh post breise chun déileáil leis an riaráiste. Go luath i 2002, leis na poist bhreise go léir líonta agus ag cuimhneamh ar an ngá le hoibriú a mhéid is indéanta laistigh den fhráma ama trí mhí sonraithe san Acht, chinn mé go ndéileálfaí le gach iarratas ar athbhreithniú ón 1 Aibreán 2002 ar bhonn reatha agus nach gcuirfí leis an liosta feithimh láithreach. Tá socruithe chun déileáil leis na cásanna a taisceadh roimh mhí Aibreáin 2002 leagtha amach anseo thíos.

Chun a chinntiú go ndearnadh gach dícheall chun an cuspóir sin a bhaint amach, chuir mé in iúl do gach comhlacht poiblí faoin ngá le coinneáil laistigh de fhrámaí ama sonraithe i ndáil leis an soláthar doiciméadaithe ar an iarraidh Saorála Faisnéise, na taifid iarbhír iarrtha agus aon aighneachtaí nó ráiteas cúiseanna is mian leis na comhlachtaí poiblí a dhéanamh maidir leis an iarraidh. Go bunúsach, is é an rún a bhí agam ná go bhfaighfí, ar a dhéanaí, an t-ábhar bainteach go léir ón gcomhlacht poiblí laistigh d'ocht seachtaine ón tráth a fuarthas an t-achomharc.

Agus na comhlachtaí poiblí á gcur ar an eolas faoi na sprioc-amanna athbhreithnithe, chuir mé in iúl go raibh gá le hurramú docht ag na páirtithe go léir má bhí mianta an Oireachtais le comhlíonadh maidir leis sin. Dá chomhartha sin, aithníodh go mbeadh iarmhairt láithreach ag aon tréigean ó aon cheann nó gach ceann de na sprioc-amanna sin ar an bhfráma ama foriomlán do chríochnú an athbhreithnithe: d'fhéadfadh roinnt fachtóirí a bheith ina gcúis le tréigean dá leithéid sin, fachtóirí mar shaoire bhliantúil/bhreoiteachta i

gcás an duine atá ag déileáil leis an athbhreithniú sa chomhlacht poiblí, acmhainní neamhleor tiomanta do Shaoráil Faisnéise sa chomhlacht poiblí, seachadadh déanach taifead/aighneachtaí mar gheall ar thosaíochtaí contrártha, castacht an cháis, an méid taifead nó an líon páirtithe a dtéann an t-athbhreithniú i gcion orthu, neamh-infhaighteacht an iarratasóra, aighneacht dhéanach ón iarratasóir agus mar sin de.

Déanaim monatóireacht leanúnach ar an méid cásanna a bhfuiltear ag déileáil leo laistigh den fhráma ama sonraithe san Acht.

Fuair mé amach gur glacadh i m'Oifig le 241 iarratas ar athbhreithniú san iomlán ón 1 Aibreán 2002 a bheadh dlite, faoin Acht, le críochnú roimh dheireadh mhí na Nollag. As an 241 chás ar glacadh leo idir an 1 Aibreán agus an 30 Meán Fómhair 2002, críochnaíodh 128 (53%) díobh laistigh den fhráma ama trí mhí. As an gcuid eile, críochnaíodh 38 (16%) díobh laistigh de cheithre mhí agus tá an fuílleach tugtha chun críche idir an dá linn nó faoi bhreithniú i gcónaí. Tugadh 30 cás breise ar glacadh leo i ndiaidh an 30 Meán Fómhair 2002 chun críche roimh dheireadh na bliana cé go raibh dátaí a sprioc-ama trí mhí sa bhliain féilire dár gcionn

Tá an fheidhmíocht sin cosúil a bheag nó a mhór leis an bhfeidhmíocht in Queensland mar a bhfuarthas 316 iarratas san iomlán i 2001-2002 agus astu sin tugadh chun críche 50% nó mar sin laistigh de thrí mhí, 66% laistigh de shé mhí agus 80% laistigh de 12 mhí.

I measc na bhfachtóirí a cuireann le "tréimhsí thar sprioc" chun déileáil le cásanna áirítear moilleanna ar fhaisnéis nó aighneachtaí a fháil ó chomhlachtaí poiblí, castacht na gcásanna, deacrachtaí nós imeachta (inmheánach agus seachtrach araon) agus caibidlíocht socraithe fhairsingithe ar measadh ina leith.

Cé go bhféadfadh sé go gcabhródh feabhsuithe breise sa phróiseáil cásanna ag comhlachtaí poiblí agus laistigh de m'Oifig féin chun an t-am a chaitear ag déileáil le cásanna a laghdú, táim buartha go bhfuil ionchais na n-iarratasóirí go ndéileálfar lena n-achomhairc laistigh de thrí mhí míréalaíoch go minic agus go bhféadfadh sé go n-éireodh astu díomá maidir le hoibriú an Achta.

Á choinneáil sin i gcuimhne, scríobh mé chuig an Roinn Airgeadais nuair a fuair mé amach faoi thograí chun an tAcht a leasú chun a mholadh go ndéanfaí, i measc nithe eile, an fráma ama a fhairsingiú go ceithre mhí (mar a bhí do na chéad trí bliana d'oibriú an Achta). Agus an moladh sin á dhéanamh, samhlaíodh dom go bhfanfadh na socruithe agus sprioc-amanna "inmheánacha" reatha i bhfeidhm agus go leanfar d'athbhreithnithe a chríochnú i dtréimhse chomh gairid agus is féidir.

Cásanna faighte roimh an 1 Aibreán 2002

Leantar de chásanna a bhí idir lámha amhail ar an 1 Aibreán 2002 a phróiseáil i gcomhthráth leis na cásanna reatha. Leis na leibhéil soláthair foirne láithreacha agus ar an mbonn tuisceana nach mbíonn aon mhéadú ar an líon iarratas ar athbhreithniú a fhaigheann m'Oifig, samhlaítear dom go dtógfadh sé trí bliana chun an riaráiste seanchásanna a ghlanadh. Le linn dom an t-ord ina ndéileálfar leis na cásanna is sine sin a chinneadh, cuirim na critéir seo a leanas i bhfeidhm:

1. Ar mhaithe le cothroime nós imeachta, tabharfar tosaíocht do chásanna ar bhonn aoise, .i. déileálfar le cásanna níos sine sula ndéileáiltear le cásanna níos túisce.

2. Ní dhéileálfar le cásanna trí thagairt d'aois amháin. I roinnt dálaí, d'fhéadfadh sé go ndéileálfaí le cásanna níos túisce sula ndéileálfaí le cásanna níos sine. Folaíonn na dálaí ina bhféadfadh sé sin teacht chun solais:

- nuair is éifeachtaí déileáil le cás níos sine ar leith in éineacht le cás reatha (mar shampla, má tá cás reatha an-chosúil le cás níos sine agus go dtagann na saincheisteanna céanna chun solais sa dá chás);
- nuair is éifeachtaí déileáil le grúpa cásanna ar leith le chéile mar go bhfaightear saincheisteanna gaolmhara iontu;
- nuair a dhéantar, chun críocha forbartha foirne, cás nó earnáil cháis ar leith a thabhairt do bhall ar leith de m'fhoireann;
- nuair a lorgaíonn iarratasóir tosaíocht ar chúis chruógach ar leith; ach toisc go mbeidh fonn ar an gcuid is mó iarratasóirí, go hintuigthe, a gcásanna a bhrostú ní bheidh feidhm ag an bhforas seo ach in imthosca eisceachtúla;
- nuair is é mo thuairim gur ceart go gcuirfí dlús le cás ar leith, mar shampla, d'fhonn treorú ginearálta a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir le hiarraidh nó earnáil iarrata ar leith a phróiseáil.

Fógraí Reachtúla

Is mór agam a rá go bhfuil formhór na gcomhlachtaí poiblí tar éis comhoibriú go hiomlán leis na socruithe athbhreithnithe i ndáil le comhoibriú pras sa soláthar taifead agus ráiteas cúiseanna. Táim an-bhuíoch as an leibhéal ard comhoibrithe sin ach go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil cuid mhaith comhlachtaí poiblí ag oibriú in imthosca deacra agus faoi roinnt mhaith brúnna.

Thug mé fógra i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, agus chuir mé in iúl do na comhlachtaí poiblí go léir, faoi mo rún dul i muinín sainfhorálacha de chuid an Achta mura gcomhlíontar ceanglais i ndáil leis an soláthar taifead agus faisnéise atá riachtanach chun athbhreithnithe a dhéanamh. Folaíonn na forálacha bainteacha an tsaincheist maidir le fógra faoi alt 37 a thabhairt do cheannaire an chomhlachta phoiblí ina gceanglaítear air/uirthi faisnéis agus/nó taifid a tháirgeadh agus maidir leis an tsaoráid chun dul ar aghaidh le cinneadh gan tuilleadh tagartha do chomhlacht poiblí nuair nach bhfuil freagra tugtha aige laistigh den fhráma ama sonraithe.

Ar an dul céanna, faoi alt 35 den Acht foráiltear, nuair a mheasaim nach leor an ráiteas cúiseanna, go n-ordóidh mé "don cheann lena mbaineann ráiteas i scríbhinn … a thabhairt … ina mbeidh aon fhaisnéis bhreise i ndáil leis na nithe sin atá faoi chumhacht nó faoi rialú an chinn". Ní mór ráiteas dá leithéid a chur ar fáil laistigh de thrí seachtaine ón tráth a lorgaítear é.

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, luaigh mé mo rún chun sonraí a fhoilsiú faoi na comhlachtaí poiblí a raibh gá fógraí a sheirbheáil orthu faoi alt 35 agus alt 37 agus leagtar iad sin amach sa tábla ar an leathanach thall.

Tábla B

Cásanna inar eisíodh fógraí alt 35 agus alt 37 chuig comhlachtaí poiblí i 2002

Comhlacht Poiblí	Fógraí alt 37 eisithe	Fógraí alt 35 eisithe
Comhairle Contae Fhine Gall	5	2
Comhairle Contae na hIarmhí	2	1
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	3	0
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	1	0
Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt	1	0
Iomlán	**12**	**3**

Formáid na gCinntí

Sa chéad dá bhliain nó trí bliana de m'Oifig a bheith bunaithe, bhí an claonadh ann go raibh cuid mhaith de na cinntí sin fada agus mionchruinn. Roghnaigh mé an fhormáid sin go comhfhiosach mar gur bhraith mé go raibh sé tábhachtach gur ceart go ndéanfadh an Oifig a húdarás a shuíomh bealach raon cinntí curtha i láthair i ndiaidh taighde mhaith ag déileáil ar bhealach éifeachtúil agus cuimsitheach leis na mórcheisteanna a tháinig chun solais sna blianta luatha faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Scríobhadh na cinntí "fadfhormáide" sin le haidhm shoiléir treorú a sholáthar do chinnteoirí agus cleachtóirí Saorála Faisnéise, lena n-áirítear foireann m'Oifige féin. D'fhéadfadh sé, áfach, gur bhraith roinnt daoine go raibh na cinntí sin rófhada, róchasta agus ró-éilitheach. Ag cuimhneamh air sin, agus mar gheall ar an mbonn soladach atá leagtha ag na cinntí is túisce, táim le blianta beaga anuas tar éis dul i muinín an chinnidh níos simplí agus níos inrochtana i bhfoirm litreach. Leis an bhformáid sin ceadaítear freisin cinntí a thabhairt ar bhonn níos tapúla. Tá luach fasaigh ag cuid mhaith de na cinntí sin i bhfoirm litreach agus féadfaidh siad a bheith coimpléascach freisin chun staideanna a fhorbairt i leith saincheisteanna nach bhfuil breithnithe roimhe. Ar an ábhar sin, cuireadh líon mór cinntí i bhfoirm litreach le láithreán gréasáin m'Oifige (www.oic.ie) le linn 2002 sa mhéid go bhfuil, in éineacht leis na cinntí "fadfhormáide" go léir, teacht ar bhreis is leathchéad cinneadh i bhfoirm litreach trí thagairt don alt iomchuí den Acht nó eile. Tá súil agam gur acmhainn úsáideach é sin do chomhlachtaí poiblí agus d'úsáideoirí Saorála Faisnéise.

Fiosruithe Ginearálta ar dhéileáil m'Oifig leo

Rinneadh 137 bhfiosrú i scríbhinn agus 1,047 bhfiosrú bealach teileafóin leis an Oifig i 2002 ar déileáladh leo faoin earnáil fiosruithe ginearálta. Ní bhaineann siad sin le haon athbhreithniú ar leith agus áirítear orthu go tipiciúil iarrataí ar fhaisnéis faoi m'Oifig nó faoi oibriú an Achta chomh maith le nithe lasmuigh de mo shainchúram mar Choimisinéir Faisnéise.

Achomhairc leis an Ard-Chúirt

Féadfaidh páirtí athbhreithnithe, nó aon duine eile a dtéann mo chinneadh i gcion air/uirthi, achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar phointí dlí. I 2002, tionscnaíodh naoi n-achomharc dá leithéid sin, rud a d'ardaigh líon iomlán na n-achomharc ar feitheamh go 10 gcinn. Ag tráth tiomsaithe na tuarascála seo, tá achomharc

amháin díobh sin éiste agus táthar ag fanacht le breithiúnas air, tá ceann á éisteacht agus tá na hocht gcinn eile (lena n-áirítear achomharc tionscanta i 2000) ag fanacht le héisteacht san Ard-Chúirt. San áireamh sna hocht gcás sin tá achomharc a tionscáiodh chomh fada siar le mí Lúnasa 2001 ina bhfuil moilleanna móra tar éis a bheith ann maidir le dáta le héisteacht a fháil.

Comhlachtaí Nua faoi Shainchúram an Achta

Le linn 2002, tugadh 50 comhlacht poiblí breise faoi shainchúram an Achta, méid a ardaíonn an líon iomlán comhlachtaí clúdaithe go 400 nach mór.

I mí an Mheithimh 2002, leag an tAire Airgeadais síos 18 gcomhlacht laistigh de na hearnálacha cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha lena n-áirítear Bord Scannán na hÉireann, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta.

I mí na Samhna 2002, leathnaigh an tAire raon an Achta chuig 32 chomhlacht bhreise lena n-áirítear an Bord Iascaigh Mhara, an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha, Bord Fáilte Éireann, Teagasc, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Oifig Iompair Átha Cliath agus roinnt comhlachtaí leathstáit agus gníomhaireachtaí comhairleacha eile.

Tá na comhlachtaí nua go léir a cuireadh faoi shainchúram an Achta i 2002 liostaithe ag Aguisín I agus tá liosta de na comhlachtaí go léir clúdaithe le fáil ar láithreán gréasáin m'Oifige (www.oic.ie).

Feasacht an Phobail agus Dea-Chleachtas a Chur Chun Cinn

I 2002 lean mé féin agus m'fhoireann den teagmháil le comhlachtaí poiblí agus grúpaí eile, ach go háirithe nuair a iarradh orainn aighneachtaí a dhéanamh ag comhdhálacha, seimineáir agus cúrsaí oiliúna. Cé nach gceadaítear dúinn leis an tiomantas i leith cásanna athbhreithnithe a chinneadh laistigh den fhráma ama iarrtha a bheith páirteach sa réimse cur chun cinn a mhéid ba mhian liom, is eilimint thábhachtach d'obair na hOifige é sin. Tugann sé deis dúinn feasacht ar choincheap na Saorála Faisnéise a chur chun cinn agus achoimre a thabhairt ar dhearcaí na hOifige ar chuid mhaith de na saincheistanna leathana "cleachtais is fearr" a ardaítear sa Tuarascáil seo.

I measc na n-aighneachtaí a rinne mé féin agus m'fhoireann áiríodh aighneachtaí a rinneadh leis an 24ú Comhdháil Idirnáisiúnta de Choimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachta a tionóladh i gCaerdydd, leis an gComhdháil Bhliantúil Saorála Faisnéise i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, le roinnt bord sláinte agus údarás áitiúil, le Comhairle, agus le roinnt grúpaí mac léinn agus pobail. Chuir baill de m'fhoireann le comhdháil a eagraíodh ag an Scoil Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar an téama "Saoráil Faisnéise: Fadhbanna Cur Chun Feidhme Phraiticiúil a Éascú". Ina theannta sin, cuireann baill foirne go rialta le cúrsaí oiliúna do chinnteoirí Saorála Faisnéise arna reáchtáil ag an Lárionad Forbartha um Bainistíocht agus Eagrúchán, an Roinn Airgeadais.

Deimhnithe Alt 25

Nuair atá Aire Rialtais sásta go bhfuil taifead díolmhaithe de bhua alt 23 (maidir le forfheidhmiú aon dlí nó sábháilteacht an phobail) nó alt 24 (maidir le slándáil an Stáit, cosaint an Stáit agus caidreamh idirnáisiúnta) agus, nuair atá an tAire sásta go bhfuil an taifead íogair nó tromchúiseach a dhóthain chun údar a thabhairt le déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí taifead dá leithéid a dhearbhú mar thaifead díolmhaithe ó fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise, trí dheimhniú a eisiúint faoi alt 25(1). Ní mór d'aon Aire a eisíonn deimhniú dá leithéid tuarascáil a sholáthar go bliantúil dom ina mionsonraítear an líon deimhnithe a d'eisigh sé nó sí sa bhliain agus na forálacha d'alt 23 nó d'alt 24 den Acht um Shaoráil Faisnéise a raibh feidhm acu leis an/na taifead/taifid d(h)íolmhaithe. Uaidh sin, ceanglaítear orm faoi alt 40(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise cóip d'aon tuarascáil dá leithéid a chur i gceangal le mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain inar eisíodh an/na deimhniú/deimhnithe.

I 2002, d'eisigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí dhá dheimhniú dá leithéid sin. In Aguisín II, cuirim i gceangal cóip den tuarascáil a d'eisigh an tAire maidir leis na deimhnithe sin, a eisíodh in ionad deimhnithe a eisíodh roimhe ach a bhí éagtha. Níor eisigh aon Aire eile deimhniú dá leithéid i 2002.

Soláthar Foirne

Le linn 2002, choinnigh m'Oifig a comhlánú de dháréag Imscrúdaitheoirí agus beirt Imscrúdaitheoirí Sinsearacha. D'fhág Dan Kelleher an tAonad Tacaíochta ar ardú céime; guím gach rath air ina ghairm amach anseo.

3

Caibidil 3

Saincheisteanna a thagann chun solais

Caibidil 3

Saincheisteanna a thagann chun solais

An Leas Poiblí a Bhreithniú

Gné shonrach den Acht um Shaoráil Faisnéise is ea a mhéid nach mór an leas poiblí a chur san áireamh i gcinntí. Sa Teideal Fada, a fheictear tríd is tríd mar chomhbhrí le clásal cuspóirí san Acht, foráiltear go bhfuil rochtain ar fhaisnéis le tabhairt "a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta". Tá roinnt de na díolúintí féin san Acht - ailt 20, 21, 26, 27, 28, 30 agus 31 - faoi réir ag sárú leasa phoiblí. I ngníomh, ciallaíonn sé sin go bhfuil ceanglas ann i bhformhór na gcásanna ina bhfuil iarraidh le diúltú ar bhonn díolúine ar leith maidir le breithniú a dhéanamh ar ceart an díolúine sin a chur i leataobh ar mhaithe leis an leas poiblí. Maidir leis sin, is píosa reachtaíochta radacach é an tAcht um Shaoráil Faisnéise: aithníonn sé go bhfuil cearta agus leasanna dlisteanacha pearsan aonair, comhlachtaí corparáideacha agus na hearnála poiblí féin ar leithligh ón, agus faoir réir ag an, leas poiblí.

Cé go bhfuil sé réasúnta furasta teacht ar shamplaí sainiúla de cad a fhónann don leas poiblí - Rialtas Oscailte a Chur Chun Cinn, Páirtíocht Dhaonlathach an Phobail a Chur Chun Cinn, Cearta Pearsanta a Chosaint, Tacú le Tuismitheoirí agus Teaghlaigh, Tacú le Riail agus Reacht agus Sláinte Mhaith a Chur Chun Cinn - is deacair dáiríre sainmhíniú a thabhairt ar an gciall atá againn leis an téarma "leas an phobail" (nó "an leas poiblí"). San Acht um Shaoráil Faisnéise ní shainmhínítear an téarma agus sa mhéid sin tá sé de réir fhormhór na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise ó dhlínsí eile, mura bhfuil sé de réir na n-achtanna sin go léir. San Acht um Shaoráil Faisnéise, 1992, ó Queensland óna dtarraingíonn Acht na hÉireann cuid mhaith, ní shainmhínítear an leas poiblí ach tugann sé treorú éigin ina leith. Faoi alt 5 d'Acht Queensland aithnítear go sainiúil go ndéantar "i sochaí shaor agus dhaonlathach … fónamh do leas an phobail trí phlé oscailte ar nithe poiblí a chur chun cinn agus cuntasacht rialtais a fheabhsú…". Ní léiríonn sé sin ach grua amháin den leas poiblí, áfach.

Tá sé mar a bheadh toimhdiú ann go dtuigimid go léir ciall an téarma agus nach gá é a shainmhíniú. Cé nach bhfuil sé ar intinn agam sainmhíniú ar an leas poiblí a mholadh, is mian liom aird a tharraingt ar an bhfíoras gur i bhfad ó choincheap furasta é nó ó choincheap ar féidir linn go léir comhaontú air. I dtéarmaí an-ghinearálta, glacaim leis gurb é atá sa leas poiblí ná an rud a thacaíonn le leas na sochaí ina hiomláine agus a chuireann an leas sin chun cinn (i gcomórtas leis an rud a fhónann do leasanna daoine aonair den tsochaí nó do ghrúpaí sainleasa). Sa chiall sin, glacaim leis gurb ionann tríd is tríd an téarma "leas an phobail" agus an téarma "an mhaitheas phoiblí" a úsáidtear (ach nach sainmhínítear) sa Bhunreacht. Mar sheirbhísigh phoiblí, aithnímid go mór ár ról maidir le fónamh don mhaitheas phoiblí. Ach má táimid le bheith iomlán ionraic, sainaithnímid an mhaitheas phoiblí uaireanta mar leas ár n-eagraíochta nó ár sainghairme nó ár ngrúpa fostaithe. D'fhéadfadh sé freisin go sainmhíneofaí an mhaitheas phoiblí, ar uairibh, trí thagairt do dhearcaí an tromlaigh; cé go bhféadfadh mionlaigh ardghlóracha an foras morálta ard a éileamh ar an dul céanna. Caithfimid a bheith cúramach agus sinn ag breithniú an leasa phoiblí nach dtugaimid tosaíocht don rud a measaimid féin gurb é an mhaitheas phoiblí é. Faoi chur chuige ceart ní mór dúinn na leasanna poiblí éagsúla a leagan síos ar son nochta agus neamhnochta agus dearcadh cothrom a ghlacadh i leith cé acu is ceart a bheith i réim.

Ó mo thaobhsa de, tá cur chuige pragmatach glactha agam i leith saincheisteanna leasa phoiblí agus tríd is tríd déanaim mo chuid cinntí ar bhonn cáis go cás le haird chúramach á tabhairt ar na hargóintí leasa phoiblí a chuireann na páirtithe éagsúla ar aghaidh ina gcuid aighneachtaí.

Measaim go bhfuil sé cóir a rá, ó mo chinntí athbhreithnithe go nuige seo, go dtagann prionsabail áirithe chun solais i ndáil leis an leas poiblí; tá cuid díobh sin leagtha amach thuas mar shamplaí de leasanna poiblí dearfacha. San iomlán, táim cinnte gur réimse é sin ina bhforbrófar ár gcuid dearcaí go léir thar am. Ní mór do chinnteoirí a bheith ar an eolas gurb é atá sa leas poiblí, i roinnt ciall, ná prionsabal dobhraite agus forásach agus nach rud é dá bhfóntar trí chur chuige foirmiúlach a ghlacadh i leith chinnteoireacht Saorála Faisnéise.

Sábháilteacht Phearsanta

I mo Thuarascáil Bhliantúil do 2001 thagair mé do dhálaí áirithe ina bhféadfadh, dá scaoilfí taifid faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, ábhair eagla teacht chun solais go ndéanfaí sábháilteacht phearsanta pearsan aonair a chur i mbaol. Luaigh mé gur shaincheist í sin a bhí á breithniú tuilleadh agam. I ndiaidh caibidlí laistigh de m'Oifig le linn 2002 rinne mé doiciméad plé ar an ngnó a dhréachtú a chuir mé ar fáil don Roinn Airgeadais (i gcomhthéacs leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Acht um Shaoráil Faisnéise i gcomhthéacs a róil, tríd an Aonad Polasaí Láir, maidir le treorú agus oiliúint i gcleachtas Saorála Faisnéise a sholáthar). Tá an doiciméad plé sin foilsithe agam ar láithreán gréasáin m'Oifige (www.oic.ie) ó shin.

Bhain mo bhreithniú tosaigh ar an tsaincheist seo le scaoileadh taifead de chineál síciatrachta agus le hábhair eagla go bhféadfadh sé i gcásanna neamhchoitianta áirithe, dá dtabharfaí rochtain ar thaifid, go spreagfaí freagairt fhoréigneach ón iarratasóir dírithe ar dhuine den teaghlach nó, gan dabht, ar ghairmí liachta. D'fhéadfadh eagla roimh dhamáiste do mhaoin i gcásanna dá leithéidí a bheith i gceist freisin ó am go chéile. Ag éirí as caibidlí laistigh de m'Oifig, agus bunaithe ar mo thaithí ar roinnt athbhreithnithe déanta le linn 2002, tuigim go bhféadfadh ábhair imní maidir le sábháilteacht phearsanta, nó ábhair eagla maidir le damáiste do mhaoin, teacht chun solais freisin i roinnt dálaí eile. I gcás taifead tithíochta de chuid údarás áitiúil, agus ach go háirithe i gcomhthéacs imscrúdú a dhéanamh ar iompraíocht fhrithshóisialta, d'fhéadfadh baol a bheith ann d'oifigigh atá páirteach san imscrúdú nó do theaghlach, cairde nó comharsana a bhfuil faisnéis tugtha (nó gearán déanta) acu le foireann údaráis áitiúil nó leis na Gardaí. I gcás taifead a bhaineann le himscrúdú ar chalaois leasa shóisialta nó ar imghabháil cánach d'fhéadfadh sé freisin gur ann, ó am go chéile, do bhaol braite dá scaoilfí na taifid go gcuirfí faisnéiseoirí nó oifigigh inaitheanta i mbaol. I gcás taifead de chineál síciatrachta, agus nuair atá eagla a bhfuil údar léi go bhféadfaí le scaoileadh na dtaifead go spreagfaí freagairt fhoréigneach, creidim go soláthróidh alt 28(3) tríd is tríd bunús daingean le diúltú iarrata. Níl feidhm ag alt 28(3), áfach, ach i ndáil le taifid de chineál liachta, síciatrachta agus oibre sóisialaí; níl feidhm aige leis na cásanna baoil eile a shainaithnítear thuas. I mo dhoiciméad plé foilsithe molaim go bhféadfadh alt 23 a bheith bainteach le hábhar i roinnt de na cásanna baoil eile sin. Spreagfainn na léitheoirí leasmhara féachaint sa doiciméad plé féin le haghaidh sonraí faoin moladh sin.

Tá intinn oscailte agam ag an gcéim seo maidir leis an tairbhe a ghabhann le sainfhoráil "sábháilteachta pearsanta" a bheith san Acht um Shaoráil Faisnéise. Nochtann na cásanna sin aincheist sa mhéid go gceanglaítear faoi nós imeachta cóir agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise féin go dtugtar d'iarratasóir na cúiseanna le haon diúltú nó diúltú i bpáirt géilleadh d'iarraidh; ar an taobh eile, cruthaítear deacrachtaí má chuirtear iarratasóir ar an eolas go bhfuil diúltú bunaithe ar ábhar eagla go bhféadfadh sé go ndéanfadh sé nó sí foréigean ar dhaoine, nó go ndéanfadh sé nó sí damáiste do

mhaoin. Sin toisc go dtabharfar fógra don iarratasóir go bhfuil eagla ar roinnt daoine roimhe/roimpi agus d'fhéadfadh an t-eolas sin, ann féin, freagairt dhiúltach a spreagadh. Teastóidh cuid mhaith machnaimh bhreise chun teacht ar fhuascailt na haincheiste seo.

Ag tráth scríofa na Tuarascála seo, tá an Bille um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, faoi bhráid an Oireachtais agus tugaim do m'aire go bhforáiltear faoi alt 16 den Bhille do leasú ar alt 23 d'fhonn cosaint fhollasach a sholáthar i gcás taifid a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá scaoilfí é, go gcuirfeadh sé beatha nó sábháilteacht aon duine i mbaol.

Plean Gníomhaíochta Achomair ar Urramú an Achta um Shaoráil Faisnéise

I mí Lúil 2001, d'fhoilsigh mé tuarascáil ar imscrúdú a bhí déanta agam ar chleachtais agus nósanna imeachta glactha ag comhlachtaí poiblí chun críocha urramú an Achta um Shaoráil Faisnéise (Tuairisc ar Urramú). Tá téacs iomlán na tuairisce le fáil ar láithreán gréasáin m'Oifige (www.oic.ie). Le linn dom m'imscrúdú a dhéanamh, níor mheas mé go raibh sé indéanta nó riachtanach scrúdú a dhéanamh ar chleachtais gach comhlachta phoiblí. Ina áit sin, roghnaigh mé 12 chomhlacht phoiblí leata thar an státseirbhís, údaráis áitiúla agus boird sláinte, ag díriú ach go háirithe ar na comhlachtaí sin a bhfuil an líon is mó iarrataí faighte acu ó thosach feidhme an Achta.

Den chuid is mó, ní raibh na moltaí dírithe ar chinnteoirí nó ar oifigigh athbhreithnithe inmheánaigh. Ina áit sin, i roinnt díobh theastaigh gníomhaíocht ag oifigigh Shaorála Faisnéise cé gur theastaigh i roinnt eile gníomhaíocht ag bainistíocht shinsearach an chomhlachta phoiblí ar leith a d'athdhearbhódh a thiomantas do na prionsabail atá mar bhunús leis an Acht um Shaoráil Faisnéise. Ag an am céanna, bhí formhór na moltaí sin bainteach le comhlachtaí poiblí eile freisin. Bhain na príomh-mholtaí le saincheisteanna eagrúcháin, oiliúint, rialú cáilíochta, úsáid díolúintí, táillí, bainistiú taifead agus bainistiú faisnéise, agus rochtain uirthi a chur chun cinn.

Tuarascáil Fho-Ghrúpa an Ghrúpa Oibre Idir-Rannaigh

I mí Dheireadh Fómhair 2001, chuir an Grúpa Oibre Idir-Rannach um Shaoráil Faisnéise (GOIR) Fo-Ghrúpa ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar mo thuairisc agus chun Plean Gníomhaíochta Achomair a tháirgeadh ina dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna a ardaíodh sa tuairisc. Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Achomair sin i mí Mheán Fómhair 2002.

Is é an cur chuige a bhí ag an bhFo-Ghrúpa ná scrúdú a dhéanamh ar mo chuid moltaí agus na freagairtí a d'fhéadfadh a bheith orthu ó thaobh cabhrú le comhlachtaí poiblí an tAcht a urramú. Ina theannta sin, mar gur theastaigh obair bhreise ag comhlachtaí aonair i roinnt de mo chuid moltaí, comhaontaíodh go ndéanfaí samhail cleachtas is fearr a dhréachtú chun treorú a thabhairt maidir leis na gnéithe fíorthábhachtacha de bhainistíocht agus cleachtas Saorála Faisnéise.

Mar fhreagairt ar shaincheisteanna a ardaíodh i mo thuairisc, chuir an Fo-Ghrúpa pleananna gníomhaíochta achoimre cuimsitheacha ar aghaidh chun aghaidh a thabhairt ar raon saincheisteanna, lena n-áirítear: gnóthaí eagrúcháin, oiliúint, rialú cáilíochta, úsáid díolúintí, táillí, bainistiú taifead agus faisnéis a bhainistiú. Tá an tuarascáil iomlán le fáil ar láithreán gréasáin an Aonaid Polasaí Láir de chuid na Roinne Airgeadais (www.foi.gov.ie).

Samhail na gCleachtas is Fearr

Rinne an Fo-Ghrúpa samhail "Cleachtas is Fearr" a dhréachtú chun go leanfadh comhlachtaí poiblí í. Sa tsamhail sin ionchorpraíodh moltaí maidir le hiarrataí a phróiseáil, comhairle a chur ar fáil, seirbhís do chustaiméirí, staitisticí, foireann a bhainistiú agus a fhorbairt sa réimse Saorála Faisnéise agus tascanna is acmhainní a bhainistiú.

Trí aghaidh a thabhairt ar na buncheisteanna sa tslí sin, cabhróidh tuarascáil an Fho-Ghrúpa chun an próiseas Saorála Faisnéise a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i réaltachtaí laethúla shaol oibre seirbhíseach poiblí. Fáiltím roimh an tuarascáil seo agus féachaim uirthi mar chion mór i dtéarmaí Saoráil Faisnéise a neadú i gcultúr agus struchtúr comhlachtaí poiblí.

Tá sé i gceist agam i 2003 obair bhreise a dhéanamh ar thuarascáil an Fho-Ghrúpa agus ar mo thuairisc ar urramú d'fhonn a fháil amach conas tá comhlachtaí poiblí tar éis na moltaí a fhaightear iontu a chur i bhfeidhm agus d'fhonn na heagraíochtaí sin a shainaithint a bhfuil glactha acu go rathúil leis an tsamhail "Cleachtas is Fearr".

Saoráil Faisnéise agus Dlí um Chosaint Sonraí

Ag tráth scríofa na tuarascála seo, tá an Bille um Chosaint Sonraí (Leasú), 2002, faoi bhráid an Oireachtais. Leis an mBille sin tabharfar éifeacht i ndlí náisiúnta d'fhorálacha Threoir 95/46/CE "maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin". Tá roinnt impleachtaí maidir le hoibriú Saorála Faisnéise in Éirinn ag an mBille, a bheidh ina dhlí faoin tráth a fhoilseofar an Tuarascáil Bhliantúil seo is dócha.

Faoi Chosaint Sonraí agus faoi Shaoráil Faisnéise féachtar ar fhaisnéis ó dhá dhearcadh dhifriúla. Is é an bunphrionsabal a ghabhann le Cosaint Sonraí ná príobháideacht pearsan aonair a chosaint agus slánchosaintí a chur i bhfeidhm mar a ndéantar sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil nó a aistriú chuig comhlachtaí eile agus/nó tíortha eile. Folaíonn slánchosaintí an ceart chun faisnéis atá taifeadta go míchruinn a leasú. Tá feidhm ag Cosaint Sonraí le gach gníomhaireacht nó eagraíocht (lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse aonair ar nós gnáthdhochtúirí) agus ní le comhlachtaí poiblí amháin. Go bunúsach, tá sí tiomáinte, i gcás na hÉireann, ag ár gcomhaltas den Aontas Eorpach agus ag oibleagáidí coinbhinsiún idirnáisiúnta eile. Ar an taobh eile, is é an bunphrionsabal a ghabhann le Saoráil Faisnéise ná gur ceart go mbeadh rochtain ar thaifid atá i seilbh nó faoi rialú comhlachtaí poiblí "a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta". Tá feidhm ag Saoráil Faisnéise, mar sin, ní hamháin le comhlachtaí poiblí mar a shainmhínítear san Acht um Shaoráil Faisnéise ach cuimsíonn sí freisin taifid ina bhfaightear faisnéis phearsanta agus neamhphearsanta (.i. oifigiúil). Tá sí tiomáinte ag mian go mbeadh rialtas níos oscailte, níos trédhearcaí agus níos cuntasaí agus ag mian chun ceart chun saoirse tuairimíochta a láidriú, rud a shriantar go huathoibríoch nuair a shriantar rochtain ar fhaisnéis.

Tá na comhlachtaí poiblí go léir atá faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise faoi réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí freisin. Chun gach críche praiticiúla níl an dá chóras, go nuige seo, tar éis dul i gcion ar a chéile chomh mór sin. Le hachtú an Bhille um Chosaint Sonraí (Leasú), 2002, áfach, beidh athrú air sin. Faoin gcóras nua, a chuirtear chun feidhme leis an mBille, fairsingítear an Chosaint Sonraí ní hamháin chuig sonraí pearsanta arna stóráil go leictreonach ach freisin chuig sonraí láimhe áirithe atá taifeadta

mar chuid de chóras comhdúcháin iomchuí. Toisc go bhforáláiltear faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, i measc nithe eile, do cheart rochtana ag duine ar shonraí pearsanta atá i seilbh i ndáil leis/léi, agus toisc go bhfolóidh na sonraí pearsanta i gceist sonraí láimhe (neamhleictreonacha) anois, ciallaíonn sé sin go mbeidh comhlachtaí poiblí a choinníonn sonraí pearsanta faoi chliaint, cibé acu go leictreonach nó de láimh, faoi réir dhá chóras rochtana ar leith i gcás sonraí pearsanta (arb é an téarma Cosanta Sonraí é) nó faisnéise pearsanta (arb é an téarma Saorála Faisnéise é).

Is tábhachtach a thabhairt do d'aire cé go gclúdaíonn na córais rochtana ar leith, i dtéarmaí ginearálta, an cineál céanna sonraí pearsanta nó faisnéise pearsanta (mar shampla, do thaifid ospidéil), tá na córais difriúil ar mhórán bealach tábhachtach. Níl feidhm ag rochtain faoin Acht um Chosaint Sonraí ach i gcás daoine beo cé go bhféadfaidh rochtain faoin Acht um Shaoráil Faisnéise rochtain ar thaifid duine éagtha a fholú. Tá na sainmhínithe maidir le "sonraí pearsanta" agus "faisnéis phearsanta" difriúil freisin; mar shampla, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, ní hionann sonraí faoi fhostaí comhlachta phoiblí (mar ainm, post, téarmaí fostaíochta agus aon ní taifeadta ag an bhfostaí le linn dó/di, agus chun críche, a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh) agus faisnéis phearsanta; cé gur ionann faoin Acht um Chosaint Sonraí na sonraí coibhéiseacha faoi fhostaí comhlachta phoiblí agus sonraí pearsanta. Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise tá socruithe sainiúla ann chun rochtain a chur ar fáil do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí ar fhaisnéis phearsanta mionaoiseach nó daoine nach bhfuil in ann gníomhú; faoin Acht um Chosaint Sonraí níl feidhm ag aon socruithe sainiúla dá leithéidí. Ar deireadh, agus an rud is spéisiúla b'fhéidir, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise is féidir rochtain a thabhairt do thríú páirtí ar fhaisnéis phearsanta pearsan eile - ainneoin an tsáraithe príobháideachta ann - ar bhonn breithnithe maidir leis an leas poiblí; faoin Acht um Chosaint Sonraí ní fhéachtar ar bhreithnithe maidir leis an leas poiblí mar fhachtóir le linn iarraidh ar rochtain a chinneadh. Anuas ar na difríochtaí ábhartha sin, tá roinnt difríochtaí nós imeachta idir na córais. Baineann an ceann is tábhachtaí díobh sin, b'fhéidir, leis na teorainneacha ama ar laistigh díobh nach mór cinneadh ar iarrataí (laistigh de cheithre seachtaine faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus laistigh de 40 lá faoin Acht um Chosaint Sonraí).

Tuigim go maith go gcruthóidh an forluí sin idir Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí ualaí riaracháin breise do chomhlachtaí poiblí, a bheidh faoi réir an dá chóras rochtana ar leith sin. Tá a fhios agam go bhfuil roinnt comhlachtaí poiblí tar éis a bheith ag feitheamh le teacht an chórais nua Cosanta Sonraí agus ag cuimhneamh ar an gcaoi is fearr le próiseáil iarrataí ar rochtain a réasúnú. Saincheist amháin a thagann chun solais is ea a mhéid is ceart a bheith ag súil go ndéanfaidh comhlacht poiblí a bhfuil iarraidh diúltaithe, nó deonaithe i bpáirt amháin, aige faoi chóras amháin an t-iarratasóir a chur ar an eolas gur ann don chóras eile. Ar shlí, tá tagtha roimhe sin ag alt 7(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise i gcás ina ndéantar an iarraidh iarbhír seachas faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise (mar shampla, faoi réim an Achta um Chosaint Sonraí). Sa chás sin, faoi alt 7(7) foráiltear nuair nach féidir nó go bhféadfadh sé nach féidir an fhaisnéis a thabhairt seachas de bhun iarrata faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise go gcuirfidh an comhlacht poiblí in iúl don iarratasóir "más cuí" faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus "cabhróidh sé nó sí leis an duine, nó tairgfidh sé nó sí cabhair don duine, le linn iarraidh den sórt sin a ullmhú". Níl foráil choibhéiseach ann i gcás ina ndéantar an iarraidh faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise, nuair nach féidir rochtain a thabhairt faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ach nuair a d'fhéadfadh sé

go dtabharfaí rochtain faoin Acht um Chosaint Sonraí. I dtéarmaí cad is dea-chleachtas ann, mholfainn sa chás go ndéantar iarraidh a dhiúltú nó a dhiúltú i bpáirt faoi chóras amháin, agus nuair atá an chuma air i ndiaidh measúnachta tosaigh go bhféadfaí rochtain a fháil faoin gcóras eile, gur ceart don chomhlacht poiblí an rogha a chur in iúl don iarratasóir maidir le rochtain a lorg faoin gcóras eile.

Tagann an cheist chun solais ar ceart do chomhlacht poiblí, a bhfuil rochtain diúltaithe aige faoi chóras amháin agus nach gcreideann go bhfuil dóchúlacht mhór ann go dtabharfar rochtain faoin gcóras eile, an rogha a chur in iúl mar sin féin don iarratasóir maidir le leas a bhaint as an gcóras eile. Tuigim go maith go bhféadfadh tuairimí difriúla a bheith ann maidir leis an gceist sin. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaí a cheapadh go bhfuil sé míthreorach agus go gcothaíonn sé dóchais bhréige dá molfaí don iarratasóir úsáid a bhaint as an gcóras eile. Ar an taobh eile, is amhlaidh nach féidir a bheith cinnte faoi thoradh iarrata go dtí go ndéantar an iarraidh sin agus go dtugtar breith ina leith. Tríd is tríd, braithim gur ceart go nglacfadh comhlachtaí poiblí cur chuige céille coitinne don tsaincheist seo agus go bhféadfadh sé nach bhfuil sé réasúnach a bheith ag súil go n-iarrfaidh comhlachtaí poiblí iarrataí a gcreideann siad ina leith nach dócha go n-éireoidh leo.

Tá aird na Rann urraitheach iomchuí (An Roinn Airgeadais agus An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí) tarraingthe ag m'Oifig cheana féin ar na saincheisteanna sin. Sa Bhille um Chosaint Sonraí (Leasú), 2002, faightear foráil go ndéanfaidh an Coimisinéir Faisnéise agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí "le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh, comhoibriú le chéile agus cúnamh a chur ar fáil dá chéile". Táim cinnte go bhféachfaidh mé féin agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí lena chinntiú, a mhéid is féidir é, go gcoinnítear ar leibhéal íosta aon choinbhleachtaí a bhíonn ann idir an dá chóras rochtana.

Athbhreithniú Alt 32

Faoi alt 32(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise díolmhaítear taifid lena mbaineann neamhnochtadh nó forálacha rúndachta in achtacháin eile. Ar shamplaí d'achtacháin dá leithéidí áirítear roinnt alt de na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991, agus Acht an Bhainc Cheannais, 1989. Tá achtacháin a eisiatar ó fheidhm alt 32(1) liostaithe sa Tríú Sceideal don Acht um Shaoráil Faisnéise. Faoi alt 32(2) den Acht um Shaoráil Faisnéise foráiltear go ndéanfaidh comhchoiste de dhá Theach an Oireachtais oibriú na bhforálacha sin a athbhreithniú. Le linn obair an choiste sin, ní mór d'Airí Rialtais tuarascálacha a thabhairt don Oireachtas agus do m'Oifig ar fhorálacha na reachtaíochta i leith neamhnochta laistigh dá réimsí freagrachta. Cuireadh na chéad tuarascálacha dá leithéidí ar fáil le linn 1999 agus, i mí na Samhna den bhliain sin, thuairiscigh mé de réir alt 32(5) do Chomhchoiste an Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí agus thug dó mo thuairim agus mo thátail maidir leis na tuarascálacha sin. Ina dhiaidh sin, i mí Iúil 2000, d'fhreastail baill de m'fhoireann ar chruinniú den fho-choiste a chuir an Comhchoiste ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna a d'éirigh as na tuarascálacha agus as forálachta alt 32.

Is é an tuiscint atá agam ná nach raibh breithniúcháin an Chomhchoiste ar an ngnó sin tugtha chun conclúide roimh lánscor don Dáil i mí Aibreáin 2002. Tarraingím aird air sin mar go samhlaítear go soiléir ag alt 32 gur ceart, ag féachaint d'fhorálacha, do chríocha agus do mheon an Achta um Shaoráil Faisnéise, forálacha

i leith neamhnochta i reachtaíocht a athbhreithniú, a leasú nó a aisghairm i gcás gur gá sin. Bheinn ag súil go ndéanfaí an tsaincheist thábhachtach sin a shaothrú agus a chur ar aghaidh le linn 2003.

Bainistiú Taifead

Tá tagairt déanta agam i dTuarascálacha Bliantúla roimhe don tábhacht le dea-chleachtais agus polasaithe maidir le bainistiú taifead laistigh de chomhlachtaí poiblí. Tugaim do m'aire gur nocht Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta ina Tuarascáil Bhliantúil do 2000 (a foilsíodh i 2002) ábhar imní nach bhfuil rialacháin déanta ag an Aire Airgeadais, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ná faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, do bhainistiú agus do chothabháil taifead i seilbh ag comhlachtaí poiblí. Caithfidh mé a rá gur ábhar imní é sin domsa freisin. Ó dhearcadh Saorála Faisnéise, agus ó dhearcadh taighde stairiúil agus cartlainne níos fadtéarmaí, measaim go bhfuil sé an-tábhachtach go bhfuil treorú soiléir ag comhlachtaí poiblí agus ceanglais shoiléire orthu sa réimse bainistithe taifead.

Nocht mé an tuairim i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite gur cuí aird a tharraingt ar na comhlachtaí sin a bhfuil feabhsuithe i mbainistiú taifead curtha i gcrích acu. Tá a fhios agam gur lainseáladh an Polasaí Náisiúnta Coinneála um Thaifid Údaráis Áitiúil le linn 2002 agus táim ag súil le dul chun cinn a fheiceáil maidir le húdaráis áitiúla ag glacadh leis agus á chur chun feidhme.

Is minic a thagann fadhbanna (mar chomhaid ar iarraidh nó dulta amú agus deacrachtaí maidir le faisnéis a aisghabháil) a éiríonn as drochbhainistiú taifead chun solais le linn athbhreithnithe ar leith ag m'Oifig. Mar gheall air sin, tá m'Oifig i suíomh maith chun cásanna a shainaithint inar léir nach teagmhas "aonuaire" é easnamh ar leith ach go n-éiríonn sé as lochtanna bunúsacha sa pholasaí agus sna cleachtais a rialaíonn cruthú, stóráil agus coinneáil taifead.

Fórsaí Cosanta

Le linn 2002, thug mé faoi deara go raibh an chuma air go raibh deacracht ag na Fórsaí Cosanta a fháil amach cá raibh taifid a bhaineann le hiarratais ar dhul san arm. San athbhreithniú a rinne mé ar chleachtais bhainistithe taifead de chuid na bhFórsaí Cosanta i gcás ar leith nochtadh go raibh an chuma air nach bhfuil aon pholasaí i bhfeidhm i gcuid de Cheannasaíochtaí/Bhriogáidí na bhFórsaí Cosanta, ó na 1980idí go dtí an lá atá inniu ann, maidir le taifid a choinneáil a bhaineann leis na hiarrthóirí ar phoist nach n-éiríonn leo. Thairis sin, maidir leis na taifid earcaíochta sin nach féidir teacht orthu anois, tá an chuma air nach ann d'aon chuntas ar a scriosadh, nó nach bhfuil aon fhaisnéis ar fáil faoi cad a tharla do na taifid sin a d'fhéadfadh a bheith íogair.

Tar éis dom m'athbhreithniú a chríochnú bhreithnigh mé ar ceart dom, faoi alt 36(3) den Acht um Shaoráil Faisnéise, imscrúdú a dhéanamh ar na cleachtais agus ar na nósanna imeachta a ghlacann na Fórsaí Cosanta i ndáil le bainistiú taifead sa réimse sin. Is mór agam a thuairisciú gur tháinig sé chun solais, nuair a rinne m'Oifig teagmháil leis na Forsaí Cosanta maidir leis sin, go raibh na heasnaimh ina gcleachtais bhainistithe taifead aitheanta acu cheana féin agus go raibh tús curtha acu le céimeanna chun polasaí bainistithe taifead caighdeánach a fhoirmiú. D'fholaigh an próiseas sin cruinniú le baill foirne de chuid m'Oifige ina dhiaidh sin. Is é mo thuiscint é go dtabharfar an obair sin chun conclúide gan mhoill agus gur ceart go mbeadh mar thoradh uirthi go gcuirfear chun feidhme polasaí bainistithe taifead cuimsitheach a chumhdaíonn taifid uile na bhFórsaí Cosanta.

An Roinn Sláinte agus Leanaí

I dteannta le cur chun feidhme leanúnach straitéise bainistithe taifead do chomhaid reatha agus chartlainne i gcoitinne, chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí tús i mí Iúil 2002 le tionscadal dar teideal "Rochtain ar Thaifid Institiúideacha agus Ghaolmhara" (RTIG) d'fhonn na taifid atá ina seilbh a bhaineann le daoine a bhí, agus iad ina leanaí, faoi chúram an Stáit a innéacsú. De réir cosúlachta, ar an líon mór comhad polasaí cúraim leanaí agus comhad soláthair seirbhíse i seilbh na Roinne áirítear nó d'fhéadfadh sé go n-áireofaí taifid a luann pearsana aonair a bhí i ndílleachtlanna nó in institiúidí eile nó a rinneadh a altramú, a chur ar lóistín nó a chur ar fostú. Ceapaim gur trua nach ndearnadh aon ghníomh i ndáil leis na taifid sin roimh 2002. Mar a thuigtear domsa é, bhí a fhios ag an Roinn go raibh na comhaid sin ann le roinnt blianta agus go mbeadh sí ar an eolas go raibh éileamh mór á bhrath ag comhlachtaí poiblí eile, ach go háirithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ar thaifid phearsanta ó phearsana aonair a bhí faoi chúram an Stáit tráth.

Deir an Roinn gurb é fócas reatha an tionscadail seo ná taifid a shainaithint ina bhfaightear faisnéis phearsanta atá le scaoileadh leis na pearsana aonair a bhfuil iarrataí déanta acu faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar rochtain ar aon taifid atá i seilbh fúthu. Ó fhiosruithe déanta leis an Roinn ag m'Oifig, dealraíonn sé go bhfuil obair ar an tionscadal sin ag céim réasúnta luath agus go dtógfaidh sé cuid mhaith ama sula mbeidh na taifid iomchuí go léir sainaitheanta, innéacsaithe agus stóráilte ar mhodh a éascóidh aimsiú agus aisghabháil éifeachtach na faisnéise iarrtha má tá faisnéis phearsanta pearsan aonair i seilbh.

Táim ag súil go dtabharfar an tionscadal chun críche ar mhodh críochnúil agus tráthúil agus go mbeidh mar thoradh air acmhainn luachmhar agus inrochtana dóibh sin atá ag lorg faisnéise faoina n-óige chomh maith lena chinntiú gur féidir le cinnteoirí cuardaigh chearta ar thaifid a dhéanamh mar fhreagairt ar iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tá glactha mar chúram ag an Roinn uirthi féin, i gcás go bhfuil teipthe uirthi roimhe na taifid lorgtha a aimsiú, teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí a bhfuil faisnéis lorgtha acu faoin seal a chaith siad faoi chúram an Stáit má thagann taifid bhreise chun solais mar thoradh ar an tionscadal RTIG. Tá sé de rún agam déileáil ar bhonn cáis go cás le hiarratais ar athbhreithniú ar chinntí i gcás go bhfuil an cineál sin faisnéise diúltaithe, ag féachaint do mo mheasúnacht ar leorgacht na gcuardach déanta ag an Roinn i gcomhthéacs alt 10(1)(a) den Acht a lamhálann do chomhlacht poiblí rochtain ar thaifid a dhiúltú más rud é nach ann do na taifid nó nach féidir iad a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá bhfuil siad.

4

Caibidil 4

Cinntí

Caibidil 4

Cinntí I bhfoirm Litreach

Inéacs na nÁbhar a Phléitear

Saincheisteanna Faisnéise Pearsanta/Príobháideachta		
Cás Uimhreacha	020311, 020248, 99146	Faisnéis phearsanta de chuid seirbhíseach poiblí
Cás Uimhreacha	99403, 020452, 020436, 000391	Faisnéis phearsanta de chuid pearsan aonair
Cás Uimh.	99397	Faisnéis phearsanta faoi leanbh ; comhfhaisnéis phearsanta agus an leas poiblí
Feidhmeanna agus Comhchaibidlí de chuid Comhlachtaí Poiblí		
Cás Uimh.	99454	An bhféadfaí le réasún a bheith ag súil go mbeadh iarmhairt dhíobhálach shuntasach ag an scaoileadh taifead ar bhainistiú comhlachta phoiblí nó ar chritéir, nósanna imeachta nó seasaimh nochta a úsáidtear chun críocha comhchaibidlí
Caidreamh Idirnáisiúnta de chuid an Stáit		
Cás Uimh.	99279, 020295	An bhféadfaí le réasún a bheith ag súil go n-imreodh an scaoileadh taifead iarmhairt dhíobhálach ar chaidreamh idirnáisiúnta de chuid an Stáit
RTÉ		
Cás Uimh.	020336	An bhfuil taifid ar fheidhmeanna áirithe de chuid RTÉ clúdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise

Tá sé i gceist go gcuirfidh an chaibidil seo, trí tharraingt ar ábhar a fhaightear i roinnt cinntí i bhfoirm litreach a eisíodh le linn 2002, béim ar phointí spéise do chomhlachtaí poiblí agus d'úsáideoirí Saorála Faisnéise araon. Tá téacs iomlán na gcinntí sin agus cinntí inspéise eile, le sonraí aitheanta na bpáirtithe bainte amach nuair is gá, le fáil ar láithreán gréasáin na hOifige (www.oic.ie).

Faisnéis Phearsanta de chuid Seirbhíseach Poiblí

I mo Thuarascáil Bhliantúil do 2001 rinne mé tagairt don cheist an féidir faisnéis a bhaineann le seirbhíseach poiblí a shainmhíniú mar "fhaisnéis phearsanta" faoin bpearsa aonair sin chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Saincheist í sin atá tagtha chun solais arís i roinnt cásanna faoi athbhreithniú i 2002.

Chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise, is é atá i bhfaisnéis phearsanta ná faisnéis faoi phearsa aonair inaitheanta (a) nach mbeadh ar eolas, de ghnáth, ach ag an bpearsa aonair nó ag a t(h)eaghlach nó c(h)uid cairde, nó (b) atá i seilbh comhlachta phoiblí ar an tuiscint go ndéileálfaí léi mar fhaisnéis faoi rún. Ní fholaíonn faisnéis phearsanta, áfach, i gcás nuair is ball foirne den chomhlacht poiblí é/í an phearsa aonair, aon ní i bhfoirm scríbhinne nó taifeadta aige/aici le linn dó/di a c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Caibidil 4 Cinntí

I g**Cás Uimh. 020311**, lorg an t-iarratasóir ón Roinn Airgeadais rochtain ar thaifid a bhain le scéim dámhachtainí de réir feidhmíochta le haghaidh post ar leibhéal Rúnaí Chúnta lena n-áirítear sonraí faoi chuspóirí Rúnaithe Cúnta ó 6 Roinn Rialtais ar leith. Dhiúltaigh an Roinn rochtain ar na taifid de réir alt 28(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise ar an bhforas go n-áireofaí sa scaoileadh nochtadh faisnéise pearsanta faoi na hoifigigh iomchuí. D'áitigh an t-iarratasóir gur ceart an fhaisnéis a scaoileadh ar mhaithe leis an leas poiblí d'fhonn cabhrú leis an bpobal i gcoitinne cuntasacht státseirbhíseach sinsearach a chruthú.

Chinn mé go bhféadfaí na taifid lorgtha a thuairisciú mar "thaifid phearsanra" sa mhéid gur bhain siad le "inniúlacht nó cumas na pearsa aonair ina (h)acmhainn mar bhall foirne comhlachta poiblí … nó measúnacht ar chomhlíonadh a f(h)eidhmeanna …". Mheas mé go bhfuil seirbhísigh phoiblí, mar atá gach fostaí, i dteideal mhéid áirithe príobháideachta i ndáil le measúnacht ar a bhfeidhmíocht oibre, inniúlacht nó cumas. Chinn mé go gcoinníonn comhlachtaí poiblí an cineál sin faisnéise ar an tuiscint go ndéileálfaidís léi faoi rún. Ag seasamh le cinneadh na Roinne maidir le rochtain a dhiúltú, chinn mé gurb ionann cuspóirí na Rúnaithe Cúnta éagsúla agus faisnéis phearsanta faoi na pearsana aonair iomchuí. Ba ghá a bhreithniú, áfach, ar mó an leas poiblí, tríd is tríd, dá ndeonófaí an iarraidh ná an leas poiblí gur ceart seasamh le ceart príobháideachta na bpearsan aonair iomchuí. Le linn dom an tástáil leasa phoiblí sin a fheidhmiú, d'aithin mé an inmhianaitheacht, ar thaobh amháin, maidir le cuntasacht níos mó a bheith ann i gcinnteoireacht phoiblí, agus scrúdan níos mó uirthi (rud a dtacaím go hiomlán leis); ar an taobh eile, d'aithin mé freisin dá dtabharfaí rochtain ar thaifid a cruthaíodh mar chuid de phróiseas cuntasachta foirmiúil agus inmheánach go bhféadfadh sé go mbainfí an bonn den phróiseas sin agus gurb ionann é agus sárú príobháide.

I measc na bhfachtóirí a shainaithin mé mar fhachtóirí a laghdódh an leas poiblí ar thaobh an scaoilte sa chás seo bhí (i) scaoileadh na dtreoirlínte ar oibriú na scéime ag an Roinn Airgeadais, (ii) foilsiú Ráiteas Straitéise agus a gcuspóirí foriomlána ag Ranna Rialtais, agus (iii) gur ann don Choiste um Dhámhachtainí Feidhmíochta a bhfuil an cúram air deimhin a dhéanamh de go gcloítear le treoirlínte foriomlána agus go bhfuil comhleanúnachas ann sa chur chuige a ghlactar i Ranna difriúla. D'aithin mé an seasamh bunreachtúil agus dlíthiúil in Éirinn gurb iad na hAirí, agus ní státseirbhísigh aonair, nach mór a bheith cuntasach go poiblí. Sheas mé le cinneadh na Roinne rochtain sa chás seo a dhiúltú.

Bhí breithniú faisnéise a bhaineann le fostaithe de chuid na hearnála poiblí freisin mar ábhar de Chás **Uimh. 020248** a d'éirigh as iarraidh ar rochtain ar chonradh fostaíochta de chuid iriseora fostaithe le RTÉ. Sa chonradh fostaíochta mionsonraíodh tuarastal sainiúil na pearsan aonair agus a choinníollacha fostaíochta, a bhí cosúil leo sin de chuid fhormhór iriseoirí RTÉ. Dhiúltaigh RTÉ rochtain ar an gconradh faoi alt 28(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise ach chuir ar fáil don iarratasóir cóip de chonradh caighdeánach d'iriseoirí agus an scála tuarastail atá infheidhme don phost atá i seilbh na pearsan, ábhar an iarratasóra.

Cé gur ordaigh mé go dtabharfaí rochtain ar fhormhór an chonartha, chinn mé nach ceart sonraí a nochtadh faoi thuarastal sainiúil fostaí de chuid na hearnála poiblí, atá i seilbh poist lena mbaineann scála tuarastail foilsithe. Mheas mé nach bhfuil an tuarastal sainiúil, i gcomórtas leis an scála tuarastail, eisiata ón sainmhíniú ar fhaisnéis phearsanta le paragraf (l) sa sainmhíniú sin a fhaightear ag alt 2 den Acht. Faoi pharagraf (l) foráiltear i gcás fostaí de chuid comhlachta phoiblí nach dtagann "faisnéis a bhaineann leis an bpost nó a fheidhmeanna nó na téarmaí faoina sealbhaíonn an phearsa aonair … an oifig sin … nó an post sin" faoin sainmhíniú ar "fhaisnéis

phearsanta". Sa chás seo, mheas mé sa mhéid go raibh an scála tuarastail curtha in iúl go leordhóthanach go dtugtar aghaidh ar an leas poiblí maidir le hoscailteacht agus cuntasacht san úsáid a bhaintear as cistí poiblí.

Ceann de na saincheisteanna lenar dhéileáil mé i g**Cás Uimh. 99146** ná arbh ionann ainmneacha comhaltaí den Gharda Síochána, a bhí le feiceáil i dtaifid i seilbh ag Bord Sláinte an Deiscirt maidir le himscrúdú ar chás cúraim leanaí, agus faisnéis phearsanta faoi Ghardaí aonair. Chinn mé nárbh ionann céannacht Garda mar an nGarda a bhí páirteach i ngnóthaí ar leith le linn dó nó di a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh agus faisnéis phearsanta faoin nGarda sin laistigh de chiall an Achta um Shaoráil Faisnéise. Mheas mé gur bhain sé le hábhar gurb é an Garda Síochána an fórsa póilíní náisiúnta agus gur seirbhísigh phoiblí iad a chuid oifigeach. Tá sé tábhachtach go dtugtar d'aire i gcomhthéacs an imscrúdaithe lenar bhain na taifid go raibh mé sásta nach raibh céannacht na nGardaí faoi réir ag dualgas rúndachta ná nach bhféadfadh nochtadh céannachta duine a chuir faisnéis ar fáil faoi rún do chomhlacht poiblí i ndáil le forfheidhmiú an dlí choiriúil [alt 46(1)(f)(i)] éirí as. Le heisceacht dhá thaifead, faoinar tháinig mé ar an gconclúid gurbh ionann faisnéis ar leith faoi na Gardaí iomchuí agus faisnéis phearsanta fúthu, chinn mé nach raibh ainmneacha na gcomhaltaí den Gharda Síochána díolmhaithe agus d'ordaigh mé go scaoilfí iad.

Iarrataí a bhaineann le Faisnéis Phearsanta de chuid Pearsan Aonair eile

I roinnt cásanna le linn na bliana, bhreithnigh mé an raibh an fhéidearthacht ann le scaoileadh faisnéise pearsanta ag comhlachtaí poiblí faoin iarratasóir go nochtfaí freisin faisnéis phearsanta a bhaineann le pearsana aonair seachas an t-iarratasóir. Sa chineál taifid a phléim anseo gheofaí tríd is tríd faisnéis de chineál i bhfad níos lú íogaire nó príobháide go bunúsach ná, mar shampla, taifid leighis nó taifid teaghlaigh den chineál a phléitear thíos faoin gceannteideal "Faisnéis Phearsanta faoi Leanbh".

I g**Cás Uimh. 99403** rinne na Coimisinéirí Ioncaim taifid a shiarchoinneáil ina raibh sonraí faoi chuideachtaí a oibríonn scairscéimeanna fostaí ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ceann de na saincheisteanna a bhí le cinneadh i m'athbhreithniú ná an ndéanfaí gach fostaí a shainaithint go hindíreach mar scairshealbhóir le nochtadh an fhíorais go bhfuil páirtíocht fostaí 100% ag cuideachta ar leith ina scéim. Ghlac mé an dearcadh, in imthosca dá leithéidí, nach mbeadh eolas, de ghnáth, ach ag an bpearsa aonair nó ag a t(h)eaghlach nó a c(h)airde faoi scaireanna sa chuideachta a bheith i seilbh fostaí ar leith. I ndáil leis an gceist an bhfuil faisnéis á coinneáil ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an tuiscint go ndéileálfaí léi faoi rún, níor léir dom gur féidir le fostaí a bheith ag súil le réasún gurb ionann an fíoras go bhfuil scaireanna sa chuideachta ina n-oibríonn siad acu agus faisnéis is ceart a choinneáil faoi rún i ngach imthosca, ach go háirithe nuair atá cead ag na cuideachtaí sonraí faoi scéimeanna dá leithéidí a fhoilsiú, lena n-áirítear sonraí faoin leibhéal glacachta.

Chinn mé, fiú dá nglacfainn leis go bhféadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar nochtadh an fhíorais go raibh scaireanna ag pearsana aonair i gcuideachta, mar a raibh páirtíocht 100% sa scairscéim, go nochtfaí faisnéis phearsanta faoi phearsana aonair inaitheanta, ba mhó an leas poiblí, tríd is tríd, dá ndeonófaí rochtain ná ceart na bpearsan aonair sin chun príobháideachta. Samhlaíodh dom go mbeadh aon iarmhairt ar phríobháideacht íosta mar gur coinníoll de na scéimeanna i gceist é go gcuirtear ar fáil do gach fostaí iad. Ar an taobh eile, is ar íocóirí cánach tríd is tríd a luíonn an caillteanas ioncaim ó scéimeanna dá leithéidí agus tá leas poiblí ann

maidir leis an bpobal a bheith curtha ar an eolas faoi mhéid agus leibhéal na glacachta leis na scéimeanna sin. Chinn mé scaoileadh na dtaifead sa chás seo a ordú.

I g**Cás Uimh. 020452**, dhiúltaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta rochtain ar ainmneacha sínitheoirí dhá fhoirm a seoladh chuig an Údarás. Is é bhí sna foirmeacha ná foirmeacha caighdeánacha a chuir an tÚdarás ar fáil chun fógra ag gnólachtaí tógála leis an Údarás faoi láithreán tógála agus fógra faoi theagmhas tionóisce a éascú. Chinn an tÚdarás gurbh ionann ainmneacha na bpearsan aonair ón dá chomhlacht iomchuí, a shínigh na foirmeacha, agus a bhfaisnéis phearsanta. Scaoil an tÚdarás na taifid eile go léir a lorg an t-iarratasóir.

I m'athbhreithniú, tháinig mé ar an gconclúid go raibh an sínitheoir ar cheann de na foirmeacha ina fhostaí den chuideachta. Chinn mé nach mór faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 1995, an fhoirm a chomhlánú ag an Maoirseoir Tionscadail agus a chur ar taispeáint go poiblí ag an láithreán tógála. Bhí mé sásta mar sin go raibh an fhaisnéis maidir lena phost ar eolas ag toghlach níos leithne ná a theaghlach agus a chairde agus nárbh ionann scaoileadh a ainm sa chomhthéacs sin agus nochtadh faisnéise pearsanta faoi.

I gcás an tsínitheora eile ar stiúrthóir cuideachta é, bhí ceangal ann de réir dlí a ainm agus a phost a chur ar an taifead poiblí. Bhí mé sásta nár áiríodh an fhaisnéis, mar sin, faoin sainmhíniú ar fhaisnéis phearsanta san Acht agus nach raibh an fhaisnéis díolmhaithe faoi alt 28(1). Rinne mé an pointe i mo chinneadh, áfach, fiú mura mbeadh an sínitheoir sin ina stiúrthóir, agus dá measfaí a shíniú mar fhaisnéis phearsanta, go bhféadfadh sé go mba ghá nochtadh a cheadú ar mhaithe leis an leas poiblí chun a chinntiú go mbíonn foirmeacha dá leithéidí sínithe ag daoine údaraithe cuí.

Rinne mé cinneadh comhchosúil i ndáil le hainm stiúrthóra de chuid cuideachta teoranta príobháidí i **Cás Uimh. 020436** ar ar áiríodh iarraidh leis an Údaras Sláinte agus Sábháilteachta freisin. Thug mé le fios, áfach, go bhféadfaí seasamh le conclúid dhifriúil sa chás nach mbeadh gá leis an ainm agus post a fhoilsiú agus dá gcuirfí ar fáil do chomhlacht poiblí faoi rún iad le linn imscrúdaithe.

Chinn mé go raibh gá i g**Cás Uimh. 000391** le hidirdhealú a dhéanamh idir iarraidh faoin Acht ar fhaisnéis "oifigiúil" agus iarraidh ar fhaisnéis phearsanta. Tar éis gur tugadh conradh do chuideachta phríobháideach, rinne pearsa aonair roinnt iarrataí Saorála Faisnéise leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta & Oileán ar thaifid a bhain le dámhachtain an chonartha. Ina dhiaidh sin, rinne an chuideachta phríobháideach iarraidh Saorála Faisnéise leis an Roinn ar chóipeanna de na hiarrataí Saorála Faisnéise a rinne an phearsa aonair ainmnithe. Tar éis gur tugadh fógra dó faoi alt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise, chinn an Roinn rochtain a dheonú ar chóipeanna d'iarrataí Saorála Faisnéise an iarratasóra lena n-áirítear a sheoladh. Rinne an phearsa aonair iarratas le m'Oifig ar athbhreithniú ar chinneadh na Roinne.

Toisc céannacht na pearsan aonair a bheith nochta cheana féin, is é an t-aon saincheist a bhreithnigh mé ná arbh ionann ábhar agus comhfhreagras iarrataí Saorála Faisnéise na pearsan aonair agus faisnéis phearsanta mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht. Níor ghlac mé leis gurb ionann sonraí iarratais Saorála Faisnéise an phearsa aonair agus faisnéis phearsanta faoin phearsa sin, eadhon, faisnéis nach mbeadh ar eolas sa ghnáth shlí ach ag an bpearsa aonair féin nó ag a theaglach nó ag a chairde. Cé go bhféadfadh, in imthosca áirithe, ábhar iarratais ar fhaisnéis oifigúil faisnéis phearsanta a fholú, chinn mé sa chás seo narbh amhlaidh a bhí ach amháin i gcás seoladh an iarratasóra. Thairis sin, chinn mé

nach raibh aon tuiscint ann sa Roinn go gcoimeádaí sonraí ar iarratais faoi rún. Dá bhrí sin, ní raibh comhthuiscint rúndachta ann mar is gá chun go mbeadh feidhm ag alt 2 (1)(b). Go hachomair, b'é mo chinneadh ná nach ndéanfaí le scaoileadh na faisnéise, le heisceacht a sheoladh, faisnéis phearsanta faoin iarratasóir a nochtadh.

Faisnéis Phearsanta faoi Leanbh

Ar roinnt cásanna a bhreithnigh mé i 2002 áiríodh tuismitheoirí a bhí ag lorg rochtana ar thaifid a bhain lena leanaí. I roinnt cásanna, bhí na taifid a lorgaíodh cruthaithe i gcomhthéacs pháirtíocht Boird Sláinte le teaghlaigh ag éirí as ábhair imní do leas leanaí. I dtaifid dá leithéidí faightear go minic faisnéis de chineál fíorphríobháideach agus íogair. Ach go háirithe i gcásanna ina bhfuil easaontas idir tuismitheoirí nó ina bhfuil ábhar coinbhleachta leasa idir leanbh agus tuismitheoir, creidim nach mór a bheith an-fhaichilleach agus breithniú á dhéanamh ar ceart rochtain ar na taifid sin a dheonú faoin Acht.

I g**Cás Uimh. 99397** lorg an t-iarratasóir rochtain ar roinnt taifead maidir le líomhaintí mí-úsáide gnéasaí a rinneadh faoi agus taifid ar láimhsiú an cháis ag bord sláinte ina dhiaidh sin. Dheonaigh an Bord rochtain ar roinnt taifead agus dhiúltaigh rochtain ar thaifid eile, ag dul i muinín roinnt foras, lena n-áirítear an díolúine faoi alt 28(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise - go ndéanfaí le scaoileadh na faisnéise faisnéis phearsanta faoi dhuine seachas an t-iarratasóir a nochtadh. Sna taifid bhí faisnéis faoi iníon an iarratasóra (mionaoiseach) fite fuaite le faisnéis phearsanta faoina bhean chéile choimhthithe (máthair a iníne) agus faisnéis phearsanta a bhain leis an iarratasóir fite fuaite le faisnéis phearsanta faoina iníon agus a bhean chéile choimhthithe. Tháinig mé ar an gconclúid go raibh an fhaisnéis phearsanta a bhain leis an iarratasóir chomh fite fuaite sin leis an bhfaisnéis phearsanta faoin mbeirt phearsan aonair eile nárbh fhéidir dáiríre cuimhneamh ar leaganacha de na taifid le heagarthóireacht orthu a chur ar fáil dó. Gan dabht, mheas mé go mbeadh aon ábhar a scaoilfí ar bhonn cur chuige dá leithéid sin míthreorach.

Faoi Rialacháin an Achta um Shaoráil Faisnéise (1997 (Alt 28(6))), 1999 (I.R. Uimh. 47 de 1999), agus faoi na Treoirlínte a d'fhoilsigh an tAire Airgeadais faoi na rialacháin sin, foráiltear gur féidir iarraidh ar thaifid a bhaineann le faisnéis phearsanta faoi mhionaoiseach a dheonú nuair is é an t-iarratasóir tuismitheoir nó caomhnóir an mhionaoisigh agus dá mbeadh, ag féachaint do na himthosca go léir, scaoileadh na dtaifead leis an tuismitheoir/gcaomhnóir ar mhaithe le barrleas an mhionaoisigh. Cé go raibh an acmhainn acu an scaoileadh a údarú don iarratasóir i gcás na faisnéise a bhain lena iníon amháin, nó a bhain leis féin agus lena iníon, mheas mé nár thug na Rialacháin an t-údarás chun taifid a scaoileadh ina raibh comhfhaisnéis phearsanta faoina iníon agus aon phearsa eile (a máthair sa chás seo). Le linn dom na Rialacháin a fheidhmiú, is é an cheist a raibh orm aghaidh a thabhairt uirthi ná an raibh scaoileadh na dtaifead ar mhaithe le barrleas an linbh. Nocht mé an tuairim nach mór, ach go háirithe nuair a d'fhéadfadh an leanbh a bheith i suíomh soghonta, féachaint do leasanna an linbh ar leithligh ó leasanna an tuismitheora nó na dtuismitheoirí. Creidim nach mór féachaint do cheart an linbh chun príobháideachta, go fiú i leith tuismitheora, ar leithligh ó leasanna an tuismitheora nó na dtuismitheoirí agus go bhfuil an ceart sin chun príobháideachta an-láidir.

Sa chás seo, d'áitigh an t-iarratasóir go raibh sé ar mhaithe le barrleas an linbh go nochtfaí na cúisimh a bhí falsa agus mailíseach, dar leis. Ghlac mé an dearcadh nach feidhm de mo chuid é mar Choimisinéir Faisnéise imscrúdú a dhéanamh ar na líomhaintí a rinneadh ná cinneadh

ar fhírinne nó cruinneas na faisnéise a soláthraíodh sa chás seo. Faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, cuirtear freagracht ar bhoird sláinte a chinntiú go bhfuil an leas leanaí i ngnóthaí a bhaineann le leanaí fíorthábhachtach. D'aontaigh mé le hargóint an Bhoird go bhféadfadh sárú caidrimh muiníne le leanaí óga an bonn a bhaint ó chomhlíonadh a fheidhmeanna cosanta leanaí. Chinn mé nár comhlíonadh sa chás seo an tástáil réasúnta ard, is é sin a dhéanamh amach go raibh scaoileadh na dtaifead sin ar mhaithe le barrleasanna an linbh.

D'fhéadfadh sé go dtabharfaí rochtain freisin ar thaifid a bhain le hiníon an iarratasóra agus a máthair ar an mbonn dá ndéanfaí amhlaidh go bhfónfaí, tríd is tríd, don leas poiblí [alt 28(5)(a)]. Rinne an t-iarratasóir sa chás seo aighneachtaí an-mhionsonraithe faoin áit a luífeadh cóimheá an leasa phoiblí; níor bhain cuid dá chúiseanna imní go díreach leis an gceist an raibh sé i dteideal rochtana ar thaifid faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ach bhain siad go príomha lena mhíshástacht le comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear an Bord Sláinte, na Gardaí agus na cúirteanna. Níor ghlac mé lena áitiú go raibh, mar gheall ar iompar líomhanta a mhná céile coimhthithe, deireadh curtha le cearta príobháideachta na pearsan aonair sin agus a hiníne. Le linn dom scrúdú a dhéanamh ar argóint an iarratasóra go raibh leas poiblí láidir ann maidir le nósanna imeachta agus bainistíocht lochtach de chuid an Bhoird Sláinte, dar leis, a nochtadh, rinne mé idirdhealú idir faisnéis a bhain le feidhmíocht an Bhoird agus taifid ar an méid a dúirt na daoine den teaghlach le hoibrithe sóisialta an Bhoird. Mheas mé, ag cuimhneamh ar a n-ábhar, nár sholáthair na taifid i gceist bonn dóthanach chun tuairim a fháil faoin modh inar bhainistigh an Bord an tseirbhís cosanta leanaí i gcoitinne nó sa chás ar leith seo.

Le linn dom láidreachtaí coibhneasta na leasanna poiblí freasúracha a mheá, rinne mé iarracht a thomhas an rachfaí le scaoileadh na dtaifead chun tairbhe an iarratasóra dáiríre trí chur go mór lena thuiscint ar ghníomhartha nó cinntí an Bhoird i ndáil lena theaghlach. Thug mé do m'aire go raibh an t-iarratasóir ar an eolas faoi chineál na líomhaintí a rinneadh ina aghaidh agus faoi phróiseas agus toradh an imscrúdaithe. Níor tháinig mé ar an gconclúid go ndéanfaí le scaoileadh na dtaifead a chúiseanna imní a shoiléiriú go mór nó go gcuirfí lena thuiscint ar an gcaoi ar chomhlíon an Bord a ról.

Go bunúsach, is é an cinneadh a rinne mé ná, i gcomhthéacs Saorála Faisnéise, gur leas poiblí é cosaint príobháideachta pearsan aonair freisin agus nach mbaineann sé le cearta príobháideacha a chosaint; in éagmais leasa phoiblí dhearfaigh a bheadh níos mó ná sárú príobháide an linbh agus na máthar, ní raibh aon bhunús leis na taifid a scaoileadh. Dá bhrí sin, chinn mé go raibh na taifid díolmhaithe faoi alt 28(1).

Feidhmeanna agus Comhchaibidlí de chuid Comhlachtaí Poiblí

Faoi alt 21(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise lamháiltear do chomhlacht poiblí iarrataí a dhiúltú nuair a d'fhéadfaí le rochtain ar na taifid iomchuí "le réasún a bheith ag súil go mbeadh iarmhairt dhíobhálach shuntasach ar chomhlíonadh a fheidhmeanna a bhaineann le bainistíocht (lena n-áirítear caidreamh tionsclaíoch agus bainistiú a fhoirne) ag an gcomhlacht". Faoi alt 21(1)(c) foráiltear gur féidir rochtain ar thaifid a dhiúltú nuair a d'fhéadfaí le réasún a bheith ag súil go nochfadh a scaoileadh "seasaimh a glacadh, nó atá le glacadh, nó pleananna, nósanna imeachta, critéir nó treoracha a úsáideadh nó a leanadh, nó atá le húsáid nó le leanúint, chun críche aon chomhchaibidlí atá á ndéanamh, nó le déanamh,

